Plean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath.

2008-2012

DRÉACHT

Fingal County Council
Comhairle Contae Fhine Gall

DRÉACHT

Clár Ábhar	Leathanach
Caibidil 1 Cúlra	
1.1 An Comhthéacs a shoiléiriú	**3**
1.2 Cad é Plean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir agus cad chuige ar chóir ceann a bheith i réigiún Bhaile Átha Cliath?	**4**
1.3 Foinsí truaillithe aeir i réigiún Bhaile Átha Cliath	**6**
1.4 Cad iad na truailleáin aeir is coitianta?	**7**
1.5 Cad iad na truailleáin is mó imní?	**10**
1.6 Cur síos ar an Réigiún.	**11**
1.7 Cad a bhí i gceist leis an bPlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir a bhí ann ar dtús i 1999?	**12**
1.8 Cad a baineadh amach agus cad atá le baint amach go fóill ó Phlean 1999	**12**
Caibidil 2 An Scéal mar atá	
2.1 Creatlach Reachtúil	**15**
2.2 Dearcadh stairiúil ar chaighdeán an aeir i mBaile Átha Cliath ó lár na 1980í	**16**
2.3 Sainsonraí a bhaineann le caighdeán an aeir agus tráchtaireacht – 1999 go dtí anois	**17**
Caibidil 3 Dúshláin agus bagairtí maidir le caighdeán an aeir sa todhchaí	
3.1 Dúshláin reatha agus leanúnacha	**24**
3.2 Dúshláin atá ag teacht chun cinn	**28**
3.3 Conclúidí achoimre	**31**
Caibidil 4 An Bealach chun Tosaigh	
4.1 An comhthéacs a shoiléiriú	**33**
4.2 Fráma ama d'athrú	**34**
Aguisín 1: Plean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath 1999	**37**
Aguisín 2: Meabhrán ón Roinn Comhshaoil 1979	**49**

Caibidil 1 Cúlra

1.1. An Comhthéacs a shoiléiriú

Cuireann an grianghraf seo atá i mbéal an phobail cor eile sa sean-nath sin - "Dublin in the Rare Ould Times". Is grianghraf é a glacadh go luath tráthnóna amháin i lár Chathair Bhaile Átha Cliath i mí Eanáir 1982, agus léiríonn sé go soiléir an toitcheo dlúth a bhíodh thart ar Bhaile Átha Cliath go rómhinic sna 1970í agus na 1980í le linn mhíonna fuara an gheimhridh.
Tá an pictiúr ar aon dul leis an aimsir dheacair eacnamaíoch, nuair a bhí an ráta dífhostaíochta go hard, agus imirce ann go coitianta, agus nuair a bhí an saol crua tríd is tríd.

Radharc coitianta ar ché Bhaile Átha Cliath a bhí sna hualaigh mhóra de ghual biotúmanach ón bPolainn agus ó Mheiriceá a sholáthraigh breosla le haghaidh téamh teaghlaigh in Ionchathair Bhaile Átha Cliath agus sna heastáit mhórfhásacha sna bruachbhailte thart ar thuaisceart agus ar iarthar na cathrach. Mar thoradh ar bheartais chun breoslaí soladacha a úsáid, in áit na bhfoinsí ola a bhí níos daoire agus in amanna tearc go gleor, bhí caighdeán an aeir i réigiún Bhaile Átha Cliath go holc.

Nuair a chuaigh Éire leis an CEE i 1973, ba í an ball ba bhoichte ann. Áit iontach difriúil is ea Baile Átha Cliath sa lá atá inniu ann i 2008 ná mar a bhí sé tríocha bliain ó shin, d'ainneoin na ndúshlán eacnamaíoch atá anois ann.

DRÉACHT

Nuair a tharlaíonn athrú d'fhéadfadh feabhsuithe dearfacha agus tionchair dhiúltacha a bheith ann dá bharr. Tá deireadh go deo le cuid mhór de na cleachtais thraidisiúnta oibre agus de na nósanna cultúrtha. Tá beocht an uile lae ag baint le Baile Átha Cliath sa lá atá inniu ann, agus i ngeall ar theicneolaíochtaí cumarsáide is amhlaidh go mbíonn níos mó daoine ag obair ón teach nó nuair a bhíonn siad ag taisteal. Is cathair nua-aimseartha eicléicteach é Baile Átha Cliath agus insí ollmhór de chónaitheoirí idirnáisiúnta ar theann a ndíchill cur fúthu ann. Mar gheall ar an bhforbairt ar bhonneagar iompair phoiblí tógadh agus cuireadh síneadh le córas traim leictrigh LUAS, tógádh Thollán an Chalafoirt, agus síneadh an gréasán iarnróid DART.

Tá an brú tráchta mar gheall ar an méadú mór ar úinéireacht gluaisteán ar cheann de na hiarmhairtí a eascraíonn as an rath méadaithe s'againne nach mbítear sásta leis.

Tharla níos mó ná dúbláil ar líon na bhfeithiclí le linn na tréimhse 1990 go 2006. Le linn na tréimhse seo tháinig méadú de 118% (5% gach bliain ar an meán) gur baineadh amach 2,138,680 feithicil i 2006. (1)

Mar gheall ar mhéadú tráchta is amhlaidh gur tháinig méadú ar líon na bhfeithiclí le roinnt blianta anuas, agus rinneadh na mórbhóithre ar nós an N4, N7 agus an M50 a leathnú le freastal a dhéanamh ar lánaí breise tráchta.

Ba é an teach traidisiúnta leathscoite sna bruachbhailte an chéad chéim ar an dréimire réadmhaoine do leannáin óga agus baile á bhunú acu. Mar gheall ar phraghsanna méadaithe talún sna laethanta rathúla le déanaí cheannaigh cuid mhór daoine teach sna contaetha in aice le Baile Átha Cliath.

1.2 Cad é Plean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir agus cad chuige ar chóir ceann a bheith i réigiún Bhaile Átha Cliath?

Dé réir an Achta um Thruailliú Aeir 1987, féadfaidh údarás áitiúil plean a dhéanamh chun caighdeán aeir a chaomhnú nó a fheabhsú ina limistéar feidhme.

Féadfaidh dhá údarás áitiúla nó níos mó plean bainistíochta um chaighdeán aeir a dhéanamh le chéile. Is feidhm fhorchoimeádta é glacadh le plean den chineál seo i.e feidhm Bhaill thofa na gComhairlí.

Caithfidh cuspóirí a bheith i bplean bainistíochta um chaighdeán an aeir a mheasann an t-údarás áitiúil (nó údaráis áitiúla) a bheith réasúnta agus riachtanach chun truailliú aeir a chosc nó a mhaolú nó chun caighdeán an aeir a chaomhnú nó a fheabhsú ina gceantar.

Nuair a mholann údarás áitiúil plean bainistíochta um chaighdeán an aeir a athrú nó a mhalartú, ní mór dóibh an rún sin a fhoilsiú i nuachtán amháin ar a laghad a bhíonn ar fáil ina limistéar feidhme.

Ní mór uiríll maidir le plean molta a chur san áireamh sula ndéantar an plean, agus nuair a bhíonn measúacht déanta ag an údarás áitiúil ar uiríll ar bith a chuirtear rompu le linn tréimhse réamhbheartaithe, is féidir leo an plean a

DRÉACHT

athrú nó a mhalartú gan leasú nó leis.

Ní mór d'údarás áitiúil, agus plean bainistíochta chaighdeán an aeir déanta acu, cóip den phlean a chur chuig an Aire Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus chuig daoine eile a shainítear san Acht.

I 1999 ghlac na ceithre údarás áitiúil i réigiún Bhaile Átha Cliath leis an tionscnamh chun plean réigiúnach bainistíochta um chaighdeán an aeir a chur amach. Sainíodh sa phlean réimse straitéisí agus bearta d'fheidhmiú céimneach thar thréimhse cúig bliana.

Cé go raibh cúlú suntasach ann maidir le téarmaí na tréimhse measúnaithe, d'éirigh go geal le cur i bhfeidhm plean 1999. Chomh maith leis sin bhí roinnt ceisteanna nuair nár éirigh go rómhaith le cúrsaí.

Tá an Plean seo le haghaidh 2008-2012 dírithe go príomhá ar an sócmhainn luachmhar de chaighdeán maith aeir a chosaint sa réigiún agus go háirithe ar chinntiú nach gcuireann droch-chaighdeán aeir isteach ar an dream is leochailí den phobal cé acu aois, gairm bheatha, dálaí reatha sláinte nó fachtóirí eile is cúis lena leochaileacht.

Tá sé mar rún go gcuirfear an plean seo i láthair i bhformáid a bheidh inléite agus intuigthe ag gach cuid den tsochaí idir shaoránaigh, ionadaithe tofa, lucht na timpeallachta agus lucht míochaine.

Tá caighdeán an Aeir i mBaile Átha Cliath go maith!

Le 20 bliain anuas léiríodh feabhas suntasach ar leibhéil deataigh dhuibh, luaidhe, dé-oscaíd sulfair (SO_2), beinséine, agus aonocsaíd charbóin (CO). Tá sé seo, don chuid is mó, mar gheall ar an rath a bhaineann leis an gcosc rialála ar ghual biotúmanach a dhíol i réigiún Bhaile Átha Cliath agus díothú/maolú substaintí eile i mbreoslaí feithiclí. Pléitear le cur síos níos doimhne ar na truailleáin seo níos moille ar aghaidh sa Chaibidil seo.

D'éirigh chomh maith sin leis an reachtaíocht a bhaineann le díol guail bhiotúmaigh gur leathnaíodh a fhorfheidhmiú chun 15 cathair agus baile mhóra eile a chlúdach fud fad na hÉireann.

Léiríonn mórstaidéir shláinte ar thionchar chaighdeán an aeir i mBaile Átha Cliath ar ghalracht agus ar bhásmhaireacht cosúil leis an gceann sin a raibh an Dr. Luke Clancy, Ospidéal San Séamus i gceannas air, torthaí spreagúla. De réir "Staidéir Clancy" (2) rinneadh 359 bás a chosc i mBaile Átha Cliath gach bliain ó 1990 toisc gur tugadh isteach an cosc ar dhíol earraí guail bhiotúmaigh.

Is ionann an figiúr seo agus beagnach beatha amháin sábháilte gach lá sna 18 mbliana seo a chuaigh thart i gceantar Bhaile Átha Cliath.

DRÉACHT

Léiríonn staidéir níos nua-aimseartha (3) gur féidir comparáid dhearfach a dhéanamh idir Baile Átha Cliath agus na 26 cathair Eorpacha a ndearnadh suirbhé orthu.

Chuir na fionnachtana móra gáis nádúrtha amach ó chósta Chorcaí go mór le foinse eile breosla a sholáthar agus leis an maolú a tharla ar leibhéil deataigh ina dhiaidh, toisc go bhfuil an t-eangach gáis forleathan anois ar fud mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Tionscnamh forásach eile ba ea an comhaontú idir an Grúpa Trádála um Breosla Soladach agus an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Baineann an Comhaontú seo (1) le maolú ar an ábhar sulfair i ngual biotúmach agus i gcóc peitriliam agus (2) síneadh an choisc ar mhargaíocht, dhíol agus dháileadh breoslaí soladacha i mórchuid na mbailte móra. (4)

1.3 Foinsí truaillithe aeir i réigiún Bhaile Átha Cliath

Tá toitcheo Bhaile Átha Cliath na 1980í anois ligthe i ndearmad agus níl de thaithí ag bunús na saoránach is óige sa chathair nó ag na daoine a tháinig isteach le déanaí ar an dóigh a bhíodh sé agus pluid truaillithe mar bhac ar ghathanna na gréine ar feadh coicíse. Anois, fiche bliain ina dhiaidh, is é cosaint chaighdeán ár n-aeir mar acmhainn luachmhar an t-ábhar imní d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí reachtúla eile.

Is iad na príomhfhoinsí truaillithe atá romhainn anois ná:

Astúcháin feithiclí bóthair chuig aer comhthimpeallach

Is féidir leis an méid a chuireann trácht bóithre leis na leibhéil de thruailleáin aeir éagsúla athrú go mór i gceantair uirbeacha. De réir Fhardal Astúchán Atmaisféarach Londan 2003 (5) measadh go míníonn trácht bóithre níos mó ná 51% de na leibhéil ocsaídí nítriúla agus 73% de na leibhéil d'ábhar cáithníneach (PM_{10}) . Mar riail dá chóngaraí daoine don trácht, is mó truailliú a ionálaíonn siad. Ag "láithreacha oilc" truaillithe ar nós bóithre an-ghnóthach, d'fhéadfadh leibhéil a bheith i bhfad níos airde ná an meán uirbeach náisiúnta.

Aithnítear ar fud an domhain go ndéanann astuithe ó mhúch sceithphíopaí mótarfheithiclí damáiste do shláinte an duine. Is féidir leis na hastuithe seo a bheith ina chúis le bás luath i measc daoine atá sa bhaol is mó, go háirithe iad siúd a bhfuil fadhbanna croí nó análaithe acu cheana. D'fhéadfadh truailliú den chineál seo claochlú ina ghalar ainsealach agus siomptóim atá ann cheana a dhéanamh níos measa. Cuireann sé isteach ar chaighdeán foriomlán an tsaoil, trí fhadhbanna beaga cosúil le casachtaí, slaghdáin agus scórnach tinn. Mar sin de, d'fhéadfadh sé a bheith mar chúis leis na mílte lá oibre a bheith caillte mar gheall ar thinneas, nó trí dhíriú aigne a chailleadh nó deacrachtaí táirgiúlachta i dtimpeallachtaí oideachasúla agus oibre.

DRÉACHT

Taobh istigh den Mhótarfheithicil

In ainneoin gur minic a dhéantar neamhaird air, is taobh istigh den mhótarfheithicil a bhíonn an "láthair oilc" le haghaidh droch-chaighdeán aeir is suntasaí dá bhfuil ann. I ngluaisteáin, mar shampla, d'fhéadfadh leibhéil dé-ocsaíde nítrigine a bheith suas le deich n-uaire níos airde ná leibhéil chomhthimpeallacha amuigh ar an tsráid. (6) Ní haon ábhar iontais é nuair a amharctar ar an gcóngaracht idir sceithphíopaí i bhfeithiclí sa trácht a chuireann amach a gcuid astuithe chuig na pointí iontrála aeir sna mótarfheithiclí a bhíonn go díreach ar a gcúl.

Foinsí Eile
In ainneoin go n-aithnítear go mbíonn mórthionchar ag an earnáil iompair ar chaighdeán an aeir i réigiún Bhaile Átha Cliath, tá roinnt foinsí eile ann a chuireann leis an ualach foriomlán truaillithe. Ina measc tá:

- Foinsí fuinnimh eile
- Gníomhaíochtaí foirgníochta
- Dó neamhrialaithe

Déantar tuilleadh plé orthu seo i gCaibidil 3.

1.4 Cad iad na truailleáin aeir is coitianta?

Leagtar amach sna Rialacháin um Chaighdeáin Aerchaighdeána 2002 caighdeáin reachtúla le haghaidh na dtruailleán aeir atá liostaithe thíos. Daingníonn na rialacháin seo Treoracha áirithe AE maidir le caighdeán aeir mar ionstraim náisiúnta dlíthiúil amháin. Leagadh na caighdeáin seo amach de réir fianaise eolaíochta agus míochaine ar thionchair an truailleáin áirithe ar shláinte, nó, sa chomhthéacs cuí, ar an gcomhshaol mór.

Is iad seo a leanas na príomhthruailleáin a chlúdaítear ag na rialacháin:

- Dé-ocsaíd Sulfair (SO_2)
- Dé–ocsaíd nítrigine (NO_2) agus ocsaídí nítrigine (NO_x)
- Ábhar cáithníneach (PM_{10})
- Beinséin (C_6H_6)
- Aonocsaíd Charbóin (CO)
- Deatach Dubh
- Luaidhe (Pb)

Is féidir achoimre a dhéanamh ar fhoinse agus ar na tionchair ghaolmhara sláinte a bhaineann le gach ceann de na truailleáin seo mar a leanas:

DRÉACHT

DÉ-OCSAÍD SULFAIR(SO_2)

Déantar SO_2 nuair a dhóitear breosla (go príomha gual agus ola) ina mbíonn sulfar ag stáisiúin ghinte cumhachta, ag gnáthaimh thionsclaíocha nó i dtithe cónaithe.

D'fhéadfadh tiúchain arda SO_2 a bheith ina chúis go sealadach le máchail anála ag daoine a bhfuil plúchadh orthu a bhíonn gníomhach taobh amuigh. I measc na dtionchar eile a bhain le nochtadh fadtéarmach le tiúchain arda SO_2 , i gcomhar le leibhéil arda d'ábhar cáithníneach, tá géarú galair chardashoithíoch atá ann cheana, galair anála agus malartaithe i gcosaintí na scamhóg. Le chéile, is iad SO_2 agus ocsaidí nítrigine (NO_X) na príomhréamhtheachtaithe le deascadh aigéadach (báisteach aigéadach), a bhaineann le haigéadú ithreach, lochanna agus sruthanna agus cnaí luathaithe foirgneamh agus séadchomharthaí.

DÉ–OCSAÍD NÍTRIGINE (NO_2) AGUS OCSAÍDÍ NÍTRIGINE (NO_X)

Is éard atá i gceist le NO_x ná an dá thruailleán ocsaíd nítreach agus dé-ocsaíd nítrigine (NO_2).
Is iad na stáisiúin ghinte cumhachta agus mótarfheithiclí na príomhfhoinsí NO_x, trí dhó ar theocht ard. Cuireann NO_x le foirmiú báistí aigéadaí agus aithnítear fosta é mar réamhtheachtaire ósóine.

Baineann nochtadh gearrthéarmach do NO_2 le feidhm íslíthe na scamhóg agus le sofhreagracht aerbhealaigh agus le himoibríocht mhéadaithe le hailléirginí nádúrtha. Baineann nochtadh fadtéarmach le guais mhéadaithe d'ionfhabhtú riospráide i leanaí.

ÁBHAR CÁITHNÍNEACH (PM_{10})

Cáithníní an-bheaga san aer is ea PM_{10} ar féidir leo dul isteach go domhain sa chonair riospráide. Má ionanálaítear na cáithníní seo is féidir go mbeidh méadú ar an nguais, an minicíocht agus ar dhéine mí-ord riospráide agus cardascamhógaigh. Is féidir le PM_{10} a dtagtar orthu san atmaisféar teacht go díreach ó astuithe dhíreacha (príomh PM_{10}) nó is féidir go ndéantar iad go díreach mar gheall ar idirghabháil ó comhdhúile ceimiciúla eile (PM_{10} tanáisteach).

Is iad na príomhfhoinsí PM_{10} ná dó breoslaí soladacha agus astuithe ó thrácht bóithre, go háirithe ó innill díosail. I measc na gcáithníní eile tá deannach ó na bóithre, astúcháin thionsclaíocha agus ábhair nádúrtha ar nós salainne a shéideann an ghaoth ón bhfarraige.

BEINSÉIN (C_6H_6)

DRÉACHT

Tá trácht bóithre ina mhórfhoinse beinséine in Éirinn. Tagtar ar bheinséin fosta san aer ó astuithe mar gheall ar dhó guail agus ola, ó stáisiúin pheitril agus ó thoit ó sceithphiopaí mótarfheithicle agus toitíní.

Is é an príomhábhar imní le beinséin ná gur carcanaigin aitheanta atá ann. Is féidir go mbíonn nochtach géar (gearrthéarmach) ag daoine le beinséin ina chúis le codladh, mearbhall, tinnis chinn, chomh maith le greannú súile, craicinn agus greannú ar an gconair riospráide agus, ag leibhéil arda, neamhaireachtáil.

Bhí nochtadh ainsealach (fadtéarmach) ionanálaithe ina chúis le máchailí áirithe san fhuil, lena n-áirítear líon laghdaithe d'eiriticítí agus ainéime in áiteanna oibre.

AONOCSAÍD CHARBÓIN (CO)

Gás gan dath ná boladh is ea CO, a dhéantar nuair nach ndóitear carbóin i mbreosla go hiomlán. Tá sé mar chuid de sceitheadh mótarfheithicile, a mhíníonn bunús na n-astuithe CO ar fud na tíre. Dá bharr sin, bíonn tiúchain CO níos airde go ginearálta i gceantair ina mbíonn brú mór tráchta.

Téann CO isteach i sruth na fola trí na scamhóga agus maolaíonn sé seachadadh ocsaigine chuig orgáin agus chuig fíochán an choirp. Bíonn an baol is mó sláinte ó leibhéil CO a dtagtar orthu in amanna san aer comhthimpeallach dóibh siúd a bhfuil galar cardashoithíoch ar nós aingíne orthu. Ag leibhéil i bhfad níos airde astúcháin nach bhfaightear go coitianta in aer comhthimpeallach, is féidir le CO a bheith nimhiúil, agus is féidir go gcuirfear isteach ar dhaoine sláintiúla fiú. Baineann lagú amhairc, cumas laghdaithe oibre, deaslámhacht laghdaithe; cumas lag foghlamtha agus deacrachtaí i mbun tascanna deacra le nochtadh chuig leibhéil níos airde CO. I dtimpeallachtaí taobh istigh tarlaíonn nímhiú nó bás mar gheall ar ionanálú aonocsaíd charbóin gach bliain a mbíonn dóirí ola gáis nó breosla sholadaigh nach gcaomhnaítear nó nach bhfuil aeráilte mar is ceart mar phríomhchúis leo.

DEATACH DUBH

Is éard atá i gceist le deatach dubh ná mioncháithníní ar fuaidreamh in aer a dhéantar go príomha mar gheall ar dhó neamhiomlán breoslaí iontaise, ar nós guail, ola agus móna, sna hearnálacha intíre, tionsclaíocha nó iompair. Tá tinte oscailte i dtithe cónaithe mar mhórfhoinse ag cuid mhór den ábhar cáithníneach a théann chuig an aer i bhfoirm deataigh.

Is í an chúis is mó imní do shláinte a bhaineann leis na cáithníní seo ná an tionchar a d'fhéadfadh siad a imirt ar shláinte an duine, go háirithe ar an gcóras riospráide, mar gur féidir cáithníní de mhéid bheag a ionanálú agus a fhágáil sa chóras riospráide agus go bhfanann siad ann ar feadh tréimhse fada.

LUAIDHE (PB)

DRÉACHT

Tháinig laghdú ollmhór ar leibhéil luaidhe san aer ó glacadh isteach peitreal gan luaidhe sna 1980í. Tá an laghdú seo iontach soiléir ón meántreocht bhliantúil de thiúchan luaidhe san aer ag stáisiúin ar thaobh an bhóthair i mbruachbhailte agus i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.

Má bhíonn rónochtadh do luaidhe is féidir go mbeidh máchail néarach ar nós taomanna, moilliú intinne agus mí-ord iompair ann. Fiú nuair a bhíonn dáileoga ísle i gceist, baineann nochtadh luaidhe le damáiste do néarchóras féatas agus páistí óga. Léiríonn staidéir a rinneadh le gairid gurbh fhéidir gur fachtóir í luaidhe maidir le brú ard fola agus galar croí ina dhiaidh. Is féidir le luaidhe a bheith fágtha ar dhuilleoga plandaí, agus guais á cruthú d'fhéaránaigh mar gheall ar ionghabháil agus, dá bhrí sin, do dhaoine .

1.5 Cad iad na truailleáin is mó imní?

Is iad an dá thruailleán is mó imní maidir le caighdeán an aeir sa Phlean seo ná:

- Dé-Ocsaíd Nítrigine, (NO_2) agus
- Ábhar Cáithníneach, níos lú ná 10 miocrón ar trastomhas, (PM_{10}).

Is é an fáth atá leis seo ná nach bhfacamar laghdú ar bith ar na leibhéil seo truailleán sna blianta deireanacha seo ar an dóigh chéanna agus a chonacthas maidir leis na truailleáin aeir eile. Maidir leis seo is ionann an taithí i réigiún Bhaile Átha Cliath agus cathracha eile ar fud na hEorpa agus níos faide siar.

<u>Dé-Oscaíd Nítrigine</u>

I láthair na huaire i mBaile Átha Cliath, tá na leibhéil NO_2 taobh istigh de na paraiméadair dhlíthiúla, ach is féidir go mbainfimid an meánteorainn bhliantúil de 40$\mu g/m^3$ amach mar gheall ar patrúin athraitheacha san éileamh ar fhuinneamh. Cé go bhfuil astuithe NO_2 ó fheithiclí aonair ag titim go fóill mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus breosla níos glaine, seach-chuireadh feabhsaithe go dáta go mór mór mar gheall ar an méadú suntasach ar líon na bhfeithiclí ar an mbóthar. Beidh baint amach na gcaighdeán NO_2 i mBaile Átha Cliath agus i gceantair uirbeacha eile ag brath go mór ar bhearta éifeachtacha bainistíochta tráchta agus ar a mhéid ina bhféadfaí athrú módúil a dhéanamh ó ghluaisteáin phríobháideacha go hiompar poiblí d'ardchaighdeán (7).

<u>Ábhar cáithníneach (PM_{10})</u>

Is é an príomhdhúshlán maidir le PM_{10} ná cinnte a dhéanamh de go gcomhlíontar leis na luachanna laethúla agus bliantúla teorann. Bhain leibhéil na uasluachanna amach sna blianta deireanacha seo nach mór agus tá baol ann go bhféadfaí uasluachanna a shárú i gceantar Bhaile Átha Cliath. Is é an trácht príomhfhoinse an truailleáin seo agus arís eile is eochairbhearta bainistíochta é bainistíocht éifeachtach tráchta.

DRÉACHT

Rinneadh méid suntasach taighde (8) ar an éifeacht sa ghearrthéarma ar athruithe i dtiúchan mioncháithníní ar bhásmhaireacht, agus é mar chonclúid aige:

“ that for every 10 micrograms per cubic metre increase in fine particles there is a corresponding 1% increase in the death rate”

Déanfar tuilleadh iniúchtha ar an dá thruailleán seo i gCaibidlí 2 agus 3 an phlean seo.

1.6 Cur síos ar an Réigiún.

Ceantar

Clúdaíonn an Plean seo limistéir riaracháin Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin, Chontae Fhine Gall, Chathair Bhaile Átha Cliath agus Bhaile Átha Cliath Theas, a shíneann go thart ar 925km^2.

Daonra:

Ba é 505,738 figiúr an daonra le linn an daonáirimh dheireanaigh i 2006 do limistéar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. De réir an daonáirimh chéanna, bhí pobal de 1,661,185 i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus meastar ón bPríomh-Oifig Staidrimh go mbainfidh sé 2.1 milliún amach faoin mbliain 2021 (9).

Anuraidh, measadh go bhfuil 40% de phobal iomlán na hÉireann ina chónaí taobh istigh de 100km (60 míle) de Bhaile Átha Cliath. De réir taighde a rinneadh sa Léann Tíreolaíochta, Pleanála agus Polasaí maidir leis an gComhshaol (10) in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD), síneann fás seachtrach chrios an chomaitéara de Bhaile Átha Cliath anois go breis agus 100km ó Chathair Bhaile Átha Cliath trí Chúige Laighean agus isteach go Deisceart Uladh.

Aeráid

Bíonn ról mór ag aeráid an réigiúin s na leibhéil truailleáin tomhaiste san aer. Tagann an ghaoth atá i réim Aneas-Aniar Aneas agus meánluas bliantúil de 5.2 méadar/soicind aige. Don chuid is mó den bhliain scaiptear na hastuithe go héasca agus ní minic a bhíonn tréimhsí de thruailleáin ardaithe. Don chuid is mó ba é luas mall na gaoithe, cobhsaíocht an atmaisféir ísil cóngarach don talamh, gluaiseacht srianta an aeir ba chúis le toitcheo cáiliúil na 1980í, agus dá bhrí sin ba é ba chúis le méadú an truaillithe san aer . Tá tábhacht fosta ag baint le treo na gaoithe ó tharla gur breathnaíodh gaotha anoir a bhaineann le truailliú aeir trasteorann agus eipeasóidí d’aerasóil aigéadacha agus ózóin ar chósta thoir na hÉireann le linn eipeasóidí den chineál seo. Cinntíonn suíomh Bhaile Átha Cliath ar an gcósta go gcuireann leoithne farraige áitiúil ar an gcósta cosc ar fhoirmiú leibhéal ard de thruailliú aeir sa

chathair intíre, fiú le linn laethanta teo an tsamhraidh. Tá rátaí bliantúla frasaíochta i réigiún Bhaile Átha Cliath thart ar 750mm agus na méideanna is mó ag tarlú le linn mhíonna an gheimhridh agus 125-135 lá báistí ann gach bliain nuair a dhéantar taifead ar mhéideanna de 1mm nó níos mó thar lá amháin. Tá sé seo níos lú ná an meán náisiúnta de idir 150-200 lá nuair a dhéantar taifead ar bháisteach.

Tá dhá stáisiún mheitéareolaíocha aimsire taobh istigh de 15km ó lár Chathair Bhaile Átha Cliath a thugann tomhais do luas/treo na gaoithe, clúdach scamall agus airde scamall gach uair an chloig. Tá tábhacht ag baint leis an gcineál seo eolais maidir le staidéir a chur i gcrích ar shamhaltú easraithe de chaighdeán aeir do Bhaile Átha Cliath agus na ceantair máguaird.

1.7 Cad a bhí i gceist leis an bPlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir a bhí ann ar dtús i 1999?

Sa chéad Phlean leagadh ceithre bheartas déag (14) agus straitéisí gaolmhara leo amach . Léiríodh iad seo sa phlean ag cur síos ar na bearta a bhí le tabhairt fúthu chun astúcháin truaillithe aeir ó fhoinsí do-aistrithe agus iompair a rialú trí fhorbairt inbhuanaithe. Tá téasc iomlán Phlean 1999 ar fáil in Iarscríbhinn 1.

Is féidir an 14 bheartas seo a chur i gcatagóirí i gceithre mhór-réimse.

1. Rialacháin reachtaíochta a chur i bhfeidhm
2. Beartais iompair.
3. Forbairt a rialú,
4. Athbhreithniú ar chláir forfheidhmithe agus oideachasúla.

1.8 Cad a baineadh amach agus cad atá le baint amach go fóill ó Phlean 1999

(1) Rialacháin Éifeachtacha Forfheidhmithe

Is é an tAcht um Thruailliú Aeir 1897 agus na Rialacháin chuí an phríomhionstraim reachtaíochta trína mbíonn cumhacht ag na húdaráis áitiúla astúcháin truaillithe aeir a rialú. D'éirigh go geal le beartas dian forfheidhmithe sa réigiún astúcháin a rialú le linn thréimhse an Phlean.

De réir an Achta um Thruailliú Aeir 1987, rinneadh astúcháin aeir a rialú mar thoradh ar mhonatóireacht agus ar iniúchadh ar ghearáin ón bpobal. I measc na samplaí den ghníomhaíocht ar tugadh faoi tá,

- Dó mídhleathach

DRÉACHT

- Barraíocht astúchán ón tionscal
- Astuithe deannaigh ó ghníomhaíocht foirgníochta

Baintear comhlíonadh amach trí chomhairle a chur orthu siúd atá ciontach, rabhadh neamhfhoirmiúil agus fógraí dlí i dteannta lena chéile agus nuair is gá trí imeachtaí dlíthiúla a thionscain. I gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ní raibh feidhm phraiticiúil ag baint leis an mbeartas maidir le haiteann nó coinleach a dhó ar thalamh tamhlaíochta nó ag an mbeartas maidir le leathadh sciodair a rialú . Sna trí Chomhairle eile ní raibh gá leis na beartais seo ar dhó aitinn ná leathadh sciodair a chur i bhfeidhm toisc go bhfuil bearta éifeachtacha eile rialaithe ar fáil.

2. Beartais iompair.

Sainaithníodh roinnt beartas agus straitéisí sa phlean roimhe seo chun na leibhéil astúchán ó thrácht feithicle a rialú le spreagadh ó athrú módúil ó úsáid gluaisteán príobháideach i dtreo úsáid iompair phoiblí. Sainíodh go gcuireann tuilleamaí ar ghluaisteáin phríobháideacha go mór le truailliú aeir. Tugadh faoi chuid mhór de na bearta seo i dtionscnaimh straitéiseacha eile sa réigiún agus táthar á gcur i bhfeidhm go fóill.

I measc na samplaí de seo tá:

- Tabhairt isteach agus leathnú leanúnach ghréasán iarnróid éadroim LUAS
- Fairsingiú leanúnach Mórlánaí Bus
- An srian ar fheithiclí earraí troma i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath
- An cosc ar mhótarfheithiclí príobháideacha ag taisteal Aduaidh ó Dheas ar phríomhshráid na príomhchathrach – Sráid Uí Chonaill
- Moilliú tráchta i gceantair chónaithe.
- Soláthar bealaí rothaíochta
- Soláthar áiseanna páirceála agus taistil in aice le hiompar poiblí
- Cur i gcrích thollán an chalafoirt agus bealaí tosaíochta á soláthar d'fheithiclí earraí troma ag dul isteach sa chalafort agus ag teacht amach as.
- An méadú mór ar íoc agus taispeáin le haghaidh páirceáil ar an tsráid i gCathair Bhaile Átha Cliath agus isteach go ceantair thráchtála sna bruachbhailte.

DRÉACHT

3. Rialú ar fhorbairt.

Chomh maith leis seo thuas, thug údaráis áitiúla tionscnaimh straitéiseacha isteach ar fud a gcuid pleananna cathrach agus contae a chuireann le caighdeán an aeir a chosaint sa réigiún. Ina measc tá:

Chun an róthuilleamaí ar ghluaisteáin phríobháideacha do chomaitéireacht ón obair agus chuici a laghdú tá na hÚdaráis Áitiúla sa réigiún ag tabhairt cead d'fhorbairtí ina bhfuil dlús níos airde áitíochta nuair a bhíonn siad cóngarach do bhealaí iompair phoiblí.

Nuair a bhíonn Measúnacht ar an tionchar ar an gComhshaol agus Ráitis de dhíth do chead pleanála d'fhorbairtí níos mó bíonn an mheasúnacht ar na tionchair fhéideartha ar chaighdeán an aeir mar chuid lárnach den phróiseas.

Ní raibh mórán de chur chun cinn, áfach, chun straitéisí a fhorbairt chun gníomhaíocht eacnamaíoch "bunaithe sa bhaile" a spreagadh.

4. Athbhreithniú ar chláir fhorfheidhmithe agus oideachasúla.

Is é seo an réimse beartais inar léiríodh an leibhéal is lú ratha.

Is é ceann de na láidreachtaí is mó a bhaineann le plean ar bith oibre ná go mbunaítear grúpa stiúrtha de dhaoine cuí agus ábhartha taobh istigh d'earnálacha chaighdeán an aeir sna húdaráis áitiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn. Níor cuireadh grúpa/coiste stiúrtha den chineál sin i bhfeidhm ag éirí as an bplean deireanach agus ba é seo ceann de na príomhfháthanna nár baineadh amach tuilleadh dul chun cinn.

Mar gheall air sin ní raibh meicníocht ar bith ann chun athbhreithniú ar an riachtanas a chur i bhfeidhm go rianúil.

- do mhonatóireacht bhreise ar chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh,
- fardail astúcháin a nuashonrú,
- samhaltú ar chaighdeán an aeir uirbigh, nó
- moltaí a mholadh i gcaighdeáin chaighdeán an aeir sa reachtaíocht agus
- measúnacht ar láithreacha oilc.

Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí oideachasúla i bhfeidhm taobh istigh den réigiún chun eolas a scaipeadh ar chaighdeán an aeir ar bhonn ad-hoc. Tá scóp teoranta leo, áfach, agus ba chóir iad a mheasúnú arís agus iarracht a dhéanamh na teicníochtaí is nuashonraithe oideachasúla agus teicneolaíochtaí faisnéise a úsáid chun eolas a scaipeadh.

DRÉACHT

Caibidil 2 An Scéal mar atá

2.1 Creatlach Reachtach

Thrasuigh na Rialacháin um Chaighdeáin Aerchaighdeána 2002 (I.R.271/2002) an Chreat-Treoir Aeir (96/62/CE 1996) agus an chéad dá threoir thánaisteacha ar chaighdeán an aeir i ndlí na hÉireann.

Bhunaigh siad seo na caighdeáin um chaighdeán an aeir le haghaidh dé-ocsaíd sulfair, dé-ocsaíd nítrigine, luaidhe, PM10, aonocsaíd charbóin CO agus beinséin. Tá rialacháin bhreise faoi chaighdeán an aeir a bhainean le hósóin agus pléann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil leo go díreach.

Sonraíonn na rialacháin áirithe na dátaí faoinar chóir do na huasluachanna nó na spriocluachanna le haghaidh gach truailleáin a bhaint amach agus chomh maith leis sin na modhanna tagartha le haghaidh sampláil, anailís agus, tomhas. Tá riachtanais faoi leith ann fosta maidir le heolas a chur ar fáil don phobal ar chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh.

Éilíonn an Chreat-treoir Aeir go roinneann ballstáit a gcríocha i gcriosanna do mheasúnú agus bhainistíú chaighdeán an aeir. Léirítear na criosanna a nglactar leo in Éirinn i bhFigiúr 1. Tá réigiún Bhaile Átha rangaithe mar Chrios A.

Figiúr 1: Criosanna do Chaighdeán an Aeir a Mheasúnú

DRÉACHT



Sligo	Sligeach
Dundalk	Dún Dealgan
Drogheda	Droichead Átha
Dublin	Baile Átha Cliath
Bray	Bré
Naas	An Nás
Athlone	Baile Átha Luain
Galway	Gaillimh
Ennis	Inis
Carlow	Ceatharlach
Limerick	Luimneach
Kilkenny	Cill Chainnigh
Tralee	Trá Lí
Clonmel	Cluain Meala
Cork	Corcaigh
Waterford	Port Láirge
Wexford	Loch Garman

cht ar chaighdeán an aeir i ngach crios agus rangaítear é
maidir le huastairseacha agus íostairseacha measúnachta bunaithe ar na tomhais sna cúig bliana a chuaigh roimhe. Leagtar amach íostairseacha agus uastairseacha measúnachta freisin do gach truailleán atá sainithe sna Rialacháin. Tá líon na n-áiteanna monatóireachta ag brath ar líon an phobail agus cé acu a sháraíonn tiúchan chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh an uastairseach mheasúnaithe, a bhíonn siad idir na huastairseacha agus na híostairseacha, nó a bhíonn siad faoin íostairseach mheasúnaithe mar a shainítear de réir Sceideal 9 de na Rialacháin um Aerchaighdeán 2002.

Foilsíodh an Treoir ar Aer Glan san Eoraip (CAFÉ) sa bhliain 2008. Thug an Treoir seo uasluach isteach le haghaidh $PM_{2.5}$ ar a dtugtar fosta mionábhar cáithníneach. Bíonn tionchair den chineál céanna ag $PM_{2.5}$ ar an tsláinte agus a bhíonn ag PM10; léiríonn $PM_{2.5}$ astúcháin antrapaigineacha (saorga) níos fearr áfach ná PM_{10}.

Tá treoracha eile ar feithimh a phléifidh le harsanaic, caidmiam, nicil agus hidrecarbóin imthimthriallacha (a dhéantar a thomhas mar bheinsi(a)piréin) agus mar mhearcair in aer comhthimpeallach.

2.2 Dearcadh stairiúil ar chaighdeán an aeir i mBaile Átha Cliath ó lár na 1980í

Sna 1980í is minic a bhíodh toitcheo i gceantar Bhaile Átha Cliath, mar gheall ar, don chuid is mó, dhó neamhiomlán breoslaí iontaise (gual biotúmach don chuid is mó) i dteallaigh thithe cónaithe. Fachtóir a chuir go mór leis seo ná beartas an rialtais mar fhreagra ar ghéarchéim bhreosla na 1970í a d'éiligh go mbeadh teallaigh oscailte i dtithe nua agus a chuir dreasuithe ar fáil do thithe a bhí ann cheana athrú ó théamh le hola go córais a dhóigh breoslaí

soladacha - féach Aguisín 2. Mar gheall air bhí méadú ar mhéid an bhreosla sholadaigh (gual biotúmach go príomha) ar baineadh úsáid as le haghaidh téamh teaghlaigh, agus mar gheall air seo tháinig méadú ar thiúchan na toite duibhe le linn mhíonna an gheimhridh.

Lá amháin go luath i 1982 sháraigh tiúchan laethúil na toite duibhe 1700 $\mu g/m^3$. Ag an am ba é an t-uasluach dlíthiúil ná 250 $\mu g/m^3$ (thar thrí lá). Mar thoradh air seo achtaíodh na Rialacháin um Thruailliú Aeir (Breoslaí a Mhargú, a Dhíol agus a Dháileadh) i 1990 a chuir cosc, go héifeachtach, ar bhreoslaí biotúmacha a dhíol i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Mar gheall air seo is amhlaidh go raibh titim ollmhór agus mharthanach ar leibhéil deataigh. Ina dhiaidh sin laghdaigh na leibhéil seo ó bheith cóngarach nó thar na huaslimistéir dhlíthiúla go pointe nach bhfuil iontu ach beagnach deachú den chaighdeán dlíthiúil de 250 $\mu g/m^3$. Cúlghaireadh an Treoir um dheatach dubh sa bhliain 2005 agus cuireadh an Treoir um PM_{10} isteach ina háit.

Truailleán mór imní ba ea luaidhe aeriompartha suas go lár na 1990í, toisc gur tocsain charnach í a choinnítear i bhfíochán an choirp, agus baol ann go háirithe don tsláinte mar gheall ar nochtadh fadtéarmach i bpáistí. Dó artola luaidhe ba ea an rud ba mhó a chuir le truailleáin luaidhe aeriompartha. Ó cuireadh deireadh le hartola luaidhe de réir a chéile agus ansin san iomlán i 1999 agus cuireadh peitreal saor ó luaidhe ina háit, tharla laghdú mór ar thiúchan luaidhe aeriompartha. Tá an comhghaol idir céimniú artola luaidhe agus an maolú ar an meántiúchan luaidhe bliantúil soiléir, agus ní mheastar anois gur truailleán aeir an-mhór atá ann.

Tháinig laghdú ar leibhéil dé-ocsaíde sulfair sa réigiún ó go luath sna 1990í agus tá tiúchan go ginearálta íseal. I measc na bhfachtóirí a chuaigh i bhfeidhm ar an laghdú seo tá an t-athrú ó olaí breoslaí ina bhfuil ábhar níos lú sulfair, tabhairt isteach an choisc ar dhíol guail bhiotúmaigh agus caighdeáin níos déine maidir le hábhar sulfair i mbreoslaí soladacha gan toit, agus an t-athrú ag cuid mhór tithe go gás nádúrtha le haghaidh téamh.

Truailleáin imní is ea ocsaídí nítrigine sa réigiún go fóill. Le linn na 1990í is amhlaidh gur sáraíodh leibhéil dé-ocsaíd nítrigine. In ainneoin go bhfuil torthaí reatha in oiriúint leis an uasluach bliantúil tá na leibhéil ard go leor gur ábhar imní iad maidir le comhlíonadh sa todhchaí.

Tháinig laghdú ar leibhéil thiúchan PM_{10} agus tomhas déanta ar leibhéil atá a bheag nó a mhór mar a gcéanna ag suíomhanna lár na cathrach agus bruachbhailteacha i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ina ainneoin seo is uile tá baol ann go sárófar an t-uasluach (35 lá níos mó ná 50μg/m3) μin áiteanna áirithe dá dtarlódh roinnt fachtóirí le chéile (droch-choinníollacha aimsire agus astúcháin tráchta san áireamh). Ba chóir nóta a dhéanamh de ó thaobh dearcadh náisiúnta de go ndearnadh taifeadadh ar na leibhéil is airde PM_{10} le linn 2007 in Inis, i bPort Láirge agus san Uaimh.

2.3 Sainsonraí a bhaineann le caighdeán an aeir agus tráchtaireacht – 1999 go dtí anois

DRÉACHT

Is é an príomhchritéar agus measúnacht á déanamh ar rath nó eile an Phlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir 1999-2005 ná iniúchadh a dhéanamh ar an bhfeabhas nó ar an ísliú a tháínig ar chaighdeán an aeir le linn shaolré an phlean.

Ar bhonn an chritéir seo tá tásca dearfacha ann gur tháinig feabhas ar chaighdeán an aeir i réigiún Bhaile Átha Cliath ar go leor dóigheanna. De réir mar a léiríodh é ar fud na tuarascála seo, ní ábhar bogásach é seo ach léiriú gur chóir leanúint ar aghaidh le faireachas agus gníomhaíocht.

Is féidir treochtaí náisiúnta i gcaighdeán an aeir a leanúint trí na tuarscálacha *"Caighdeán an Aeir in Éirinn"* a fhoilsíonn An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gach bliain.
Déanann na tuarascálacha seo comhtháthú ar na gníomhaíochtaí monatóireachta aeir i rith gach bliana ón nGíomhaireacht agus ó na húdaráis áitiúla uile in Éirinn.

Tugann an tuarascáil “Caighdeán an Aeir in Éirinn 2007 – Priomhthéascairí maidir le Caighdeán an Aeir Thimpeallaigh” (11) pictiúr iontach soiléir de chaighdeán an aeir i réigiún Bhaile Átha Cliath le cúpla bliain anuas agus léiríonn sé faoin dóigh ar féidir comparáid a dhéanamh idir seo agus caighdeán an aeir agus leibhéil truailleán faoi leith i réigiúin eile sa tír.

Tagann na sonraí seo a leanas ón tuarascáil sin.

Dé-ocsaíd Sulfair (SO_2)

Bhí tiúchan dé-ocsaíd sulfair íseal, mar a léirítear i bhFigiúr 2, go seasmhach don tréimhse 2002 go dtí 2007. I measc na bhfachtóirí a chuaigh i bhfeidhm ar an laghdú leanúnach seo bhí an t-athrú ó olaí breosla ina mbíonn ábhar níos ísle sulfair, an cosc ar dhíol guail bhiotúmaigh, an t-ábhar níos lú sulfair i mbreoslaí soladacha gan toit agus an t-athrú ag cuid mhór tithe go gás nádúrtha le haghaidh téamh.

Figiúr 2: Treochtaí náisiúnta i leibhéil dé-ocsaíd sulfair san aer comhthimpeallach
2002 to 2007

DRÉACHT



Aonocsaíd charbóin

Bhí leibhéil aonocsaíd charbóin íseal go stairiúil agus ní raibh treocht ar bith soiléir sna hathruithe. Tá gach leibhéal a ndearnadh taifeadadh orthu taobh istigh den uasluach a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2005 (féach Figiúr 3).

Figiúr 3: Treochtaí náisiúnta i leibhéil aonocsaíd charbóin san aer comhthimpeallach 1998 go 2007



DRÉACHT

Beinséin

Rinneadh meántiúchan bliantúil beinséine a thomhas i mBaile Átha Claith agus i gCorcaigh ó 2001 go 2007. Tháinig laghdú ar na leibhéil a ndearnadh taifeadadh orthu go mór ó 2001 nuair a bhí an meánleibhéal a ndearnadh taifeadadh air ag Sráid na Tábhairne Báine, Baile Átha Cliath, cóngarach don uasluach 5 $\mu g/m^3$. Bhí na leibhéil a ndearnadh taifeadadh orthu sna trí bliana a chuaigh thart sa dá stáisiún i bhfad níos ísle agus taobh istigh den uasluach a thiocfaidh i bhfeidhm i 2010. Tháinig laghdú ar thiúchan beinséine sna blianta deireanacha seo. San Eoraip, tá tiúchan bliantúil beinséine i bpeitreal ag beagnach 0.7 faoin gcéad agus tá uasluach AE ag 1 faoin gcéad.

Figiúr 4: Treochtaí náisiúnta i leibhéil bheinséine san aer comhthimpeallach 2001 go 2007



D
B
c
s
m
S
µ
a
leis na caighdeáin atá de dhíth, agus nuair is féidir íslithe a bhaint amach i leibhéil tiúchana.

Figiúr 5: Treochtaí náisiúnta i leibhéil dé-ocsaíd nítrigine san aer comhthimpeallach 2001-2007
2001 to 2007

DRÉACHT



LUAIDHE
Tá tiúchan luaidhe a ndearnadh taifeadadh orthu i 2007 cosúil leis na luachanna a ndearnadh taifeadadh orthu ó cuireadh deireadh de réir a chéile le hartola luaidhe sa bhliain 2000. Tá an laghdú ar leibhéil luaidhe comhthimpeallaí mar gheall ar an tionscnamh seo iontach soiléir (féach Figiúr 6) ón treocht i meántiúchan bliantúil de luaidhe aeriompartha ag stáisiúin ar thaobh an bhóthair i lár na cathrach agus sna bruachbhailte i mBaile Átha Cliath don tréimhse 1988 go 2007.

Figiúr 6: Treochtaí i leibhéil luaidhe san aer comhthimpeallach i mBaile Átha Cliath
1988 to 2007

DRÉACHT



DEATACH DUBH

Rinneadh deatach dubh a thomhas in Éirinn le breis agus 20 bliain agus tá sé luachmhar le faire ar threochta i gcaighdeán an aeir i mbailte agus i gcathracha. Le roinnt mhaith blianta ba é an eilimint lárnach de mhonatóireacht aeir in Éirinn é. Le teacht treoracha agus feabhsúchán nua i dteicneolaíocht mhonatóireachta rinneadh é a dhímholadh cuid mhór agus ní riachtanas dian dlíthiúil atá ann anois leanúint ar aghaidh leis an gcineál seo monatóireachta. Agus sin ráite, molann an EPA d'údaráis áitiúla leanúint ar aghaidh le deatach dubh a thomhas, agus léirigh siad go leanfaidh siad ar na torthaí seo a chur in iúl sa tuarascáil ar Tháscairí maidir le Caighdeán an Aeir . Tháinig laghdú mór ar leibhéil deataigh ó na 1990í (féach Figiúr 7) agus tá siad anois cothrom ag luachanna a nglactar go mór leo. Léiríonn an laghdú seo an éifeacht atá le reachtaíocht rialaithe deataigh a tugadh isteach i gceantar Bhaile Átha Cliath i 1990.

Figiúr 7: Treochtaí Náisiúnta i leibhéil deataigh dhuibh san aer comhthimpeallach
1985 to 2007

DRÉACHT



PM_{10}

Ar bhonn náisiúnta, déantar monatóireacht ar PM_{10} ag 18 stáisiún (féach Figiúr 8) fud fad na tíre. Chloígh gach stáisiún leis an uasluach 2005 a cheadaíonn nach mó ná 35 sárú nach mó ná 50 $\mu g/m^3$. Rinneadh taifeadadh ar na leibhéil is airde PM_{10} in Inis, i bPort Láirge agus san Uaimh. Is cosúil gurb amhlaidh atá sé seo mar gheall ar dhó guail agus breosla eile sholadaigh chomh maith le hastúchán ó thrácht.

Figiúr 8: Treochtaí náisiúnta i leibhéil PM_{10} san aer comhthimpeallach 2007



Tá monatóireacht á déanamh ar PM_{10} i mBaile Átha Cliath le roinnt mhaith de bhlianta agus tá na treochtaí stairiúla suimiúil toisc go léiríonn siad gur chobhsaigh leibhéil sna blianta deireanacha seo (féach Figiúr 9). Ábhar mór imní ba ea na leibhéil PM_{10} ar fud réigiún an AE sna blianta deireanacha seo. Mar fhreagra ar an treoir nua ar $PM_{2.5}$ tá sé mar rún gur táscaire níos leochailí a bheidh ann ar astúcháin shaorga cháithníní.

Figiúr 9: Treochtaí i leibhéil PM_{10} san aer comhthimpeallach i mBaile Átha Cliath 1998 go 2007



Ó bhreithniú a dhéanamh ar na sonraí thuas is ábhar mór spreagtha é go bhfuil caighdeán an aeir i Réigiún Bhaile Átha Cliath ag comhlíonadh go fóill leis na caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi chaighdeán an aeir. Le haghaidh roinnt de thruailleáin aeir tá an leibhéal comhlíonta iontach suntasach ar fad (luaidhe, beinséin, deatach dubh (féach Figiúr (9), aonocsaíd charbóin agus dé-ocsaíd sulfair). Ábhar mór dóchais is ea na treochta íslithe foriomlána i leibhéil thruaillithe. Maidir leis na truailleáin eile (dé–ocsaíd nítrigine agus cáithníní) ní mór neartúcháin atá ann faoi láthair a bhainistiú go gníomhach lena chinntiú go mbíonn comhlíonadh le caighdeáin dhlíthiúla.

Figiúr 10: Comhchruinnithe Deataigh Dhubh i Réigiun Bhaile Átha Cliath 2006-2007



DRÉACHT

Dúshláin agus bagairtí maidir le caighdeán an aeir sa todhchaí

De réir an Phlean Náisiúnta Forbartha is iad na príomhdhúshláin maidir le caighdeán an aeir ná Ocsaídí Nítrigine (NO_x) agus Ábhar Cáithníneach (PM_{10}) (12). Mar a dúradh roimhe is iad na hearnálacha iompair agus táirgthe fuinnimh mórfhoinsí na dtruailleán seo.

3.1 Dúshláin reatha agus leanúnacha

Iompar

Is é an bhagairt is mó atá anois roimh chaighdeán ár n-aeir ná astúcháin ón earnáil iompair. Tagann an príomhdhúshlán atá i ndán do chaighdeán an aeir anois ó astúcháin feithiclí atá ag ardú.

Cé go bhfuil caighdeáin níos déine astúchán de réir a chéile agus eacnamaíocht fheabhsaithe breosla gluaisteán nua ag laghdú astúchán an fheithicil, déantar neartúcháin aonair feithicle a fhrithchothromú trí líon na bhfeithiclí a mhéadú.

"Emissions of air pollutants, particularly PM10 and NOX, from road traffic remain the main threat to air quality in urban areas. While new standards for car emissions and the resultant cleaner technology have curbed emissions from individual vehicles, this has been offset by the increasing number and bigger engine sizes of vehicles on Ireland's roads. Air quality issues must therefore be an integral part of traffic management and planning processes, and there needs to be a modal shift from the private car to high-quality public transport. ." (13).

Glactar leis ar fud an domhain gur gné an-tábhachtach é caighdeán an aeir a fheabhsú ó thaobh dul i ngleic leis an bhfadhb iompair i Réigiún Bhaile Átha Cliath. Is faoi roinnt gníomhaireachtaí atá sé dul i ngleic leis na dúshláin bhainistíochta tráchta i réigiún Bhaile Átha Cliath agus cé nach bhfuil sé faoi chúram an Phlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir a bheith mar phríomhfhórsa gníomhaíochta faoin ábhar seo, tá sé ceart go leantar de bhéim a chur ar na naisc idir beartas tráchta agus caighdeán an aeir.

Táthar ag súil leis go ndéanfadh bunú Choiste Stiúrtha um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath bainistíocht um chaighdeán an aeir a phríomhshruthú i ngach mór-réimse beartais, lena n-áirítear straitéisí tráchta.

Leagtar amach go soiléir sa Staidéar Bainistíochta faoin Éileamh ar Thaisteal i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath a foilsíodh i nDeireadh Fómhair 2004 ag Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath (14) cuid de na bunchúiseanna le hiompar a bheith anois mar phríomhfhócas le haghaidh feabhsuithe ar chaighdeán an aeir.

- Tháinig méadú mór ar éileamh ar thaisteal i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) go mór mar gheall ar ghníomhaíocht mhéadaithe

eacnamaíoch agus rathúnas, a léiríodh i bpobal agus fórsa oibre atá ag fás.

- Tháinig fás ar GDP na hÉireann ó €36,300 milliún i 1990 go €129,3000 i 2002; (Ba é sonraí GDP 2004 a bhí i gceist le caib.1). Tháinig fás ar phobal Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (MBÁC) ó 1,405,000 i 1996 go 1,535,000 i 2002.
- Tháinig fás ar líon na n-áithritheoirí i MBÁC atá fostaithe ó 511,000 i 1996 go 680,000 i 2002;
- D'éirigh an pobal níos scaipthe agus mar thoradh air sin ní raibh pátrúin chomh inbhuanaithe lonnaíochta ann agus léirítear sin trí roinnt ard modha in úsáid gluaisteán – déantar breis agus 80% de thurais taobh amuigh den M50 idir 8.00 r.n agus 9.00 i.n i ngluaisteáin;
- Tá méadú ag teacht ar chéadatán na dturas i ngluaisteáin ar scoil agus ar obair;
- Tá méadú ag teacht ar líon na dturas ar obair i ngluaisteáin;
- I 2002 chuaigh 50% díobh siúd a rinne taisteal ar obair (150,000 duine) i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath taisteal i ngluaisteáin.

Is é an rud is íorónaí ná le roinnt blianta anuas tháinig feabhas ar oibriú feithiclí aonair maidir le hastúcháin san atmaisféar, agus bhí bearta, ina measc tástáil astúchán gluaisteán ar bhonn leanúnach, iontach éifeachtach.

Is é an príomhdhúshlán maidir le caighdeán an aeir ná cinnte a dhéanamh de go gcomhlíontar leis na huasluachanna bliantúla d'ábhar cáithníneach (PM_{10}). Is beag nár bhain leibhéil na huasluachanna dlíthiúla amach sna blianta deireanacha seo agus tá baol ann go bhféadfaí teorainneacha a shárú i gceantair uirbeacha. Athraíonn leibhéil PM_{10} go mór ag brath ar dhálaí meitéareolaíochta. Mar sin, ní mór do mheánleibhéil a bheith faoin teorainn go maith le cinnte a dhéanamh de go mbíonn comhlíonadh ann i dtólamh.

Cuidiú ollmhór is ea bearta a chuidíonn le trácht a mhaolú, éifeachtacht breosla agus infheistíocht leanúnach in iompar poiblí a chur chun cinn agus fadhbanna ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le dul i ngleic le fadhbanna chaighdeán an aeir sa todhchaí. I measc na mbeart atá ann nó atá molta a chuideoidh lenár n-ardchaighdeán chaighdeán an aeir a choinneáil tá:

- Tástáil náisiúnta gluaisteán
- Caighdeáin astúcháin ó fheithiclí,
- Éifeachtacht breosla i bhfeithiclí.
- Athrú módúil (LUAS, DART, Meitreo, mórlánaí bus, lánaí rothaíochta, etc.),
- Bainistíocht éilimh (tionscadail mhóra bhonneagair cosúil le huasghrádú M50, Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus bearta ginearálta le cuidiú le brú tráchta a mhaolú etc.),
- Cáin chláraithe feithiclí agus cáin mhótair a athstruchtúrú i bhfabhar gluaisteán atá níos éifeachtaí ó thaobh breosla de, agus
- Faoiseamh máil ar bhithbhreoslaí

DRÉACHT

Fuinneamh

Tháinig méadú de 0.9% ar úsáid fuinnimh in Éirinn i 2006 le 15,910 ktoe a bhaint amach fad agus tháinig méadú de 0.4% ar astuithe dé-ocsaíd charbóin (CO2) a bhain le fuinneamh go 46,910 kt CO2 san iomlán .
Bhí bunúsáid fuinnimh i 2006 67% ní b'airde ná leibhéil 1990 fad agus a tháinig méadú de 54% ar astuithe a bhain le CO2 le linn na tréimhse céanna.
Ó 1990 go 2006 tháinig fás de 56% ar úsáid dheireanach fuinnimh sa tionscal agus
Tháinig fás de 234% ar aschur mar a rinneadh a thomhas le breisluach (praghsanna tairiseacha).
Tháinig méadú ar 167% ar úsáid dheireanach fuinnimh san earnáil iompair idir 1990 agus 2006, an ráta is gaiste fáis de na hearnálacha uile.
Le linn na tréimhse 1990 go 2006 tháinig méadú de 32% ar úsáid dheireanach fuinnimh le 32%. Ina ainneoin seo thit roinnt na húsáide iomláine fuinnimh ó 31% i 1990 go 23% i 2006.
2006. Le linn na tréimhse céanna tháinig méadú de 145% ar líon na n-áitreabh a raibh cónaí buan iontu go
1,462,296. (15)

Is iad giniúint leictreachais agus iompair an dá phríomhearnáil a théann i bhfeidhm ar éileamh ar fhuinneamh in Éirinn. I láthair na huaire táthar ag comhlíonadh bhunús an éilimh seo faoi choinne fuinnimh trí theaglaim d'áiseanna neamh-inathnuaite. Baineann gach áis den chineál seo le hastúcháin shuntasacha truailleán aeir.

Leanfaidh réigiún Bhaile Átha Cliath, mar phríomhfhócas ag bunús na gníomhaíochta eacnamaíche sa tír, d'ualach suntasach a iompar maidir le hastuithe atmaisféaracha. Is í an ghné is dearfaí de seo ná go mbeidh buntáistí ó thaobh chaighdeán an aeir freisin ag baint le dul chun cinn ar bith is féidir a dhéanamh ar fhuinneamh a mhaolú agus a chaomhnú.

Tá an Plean Gníomhaíochta ar Fhuinneamh do Bhaile Átha Cliath (16) á fhorbairt mar straitéis a bhfuil sé mar aidhm aici treoirlínte soiléire fuinnimh a chruthú ar mhaithe le forbairt agus pleanáil leanúnach Bhaile Átha Cliath. Leanfaidh sé de chur le forbairt inbhuanaithe Bhaile Átha Cliath trí dhea-bhainistíocht fuinnimh, a rachaidh le sochar na timpeallachta agus a chuirfidh le dálaí maireachtála na ndaoine atá ina gcónaí i mBaile Átha Cliath agus a oibríonn ann.

Is féidir le húdaráis áitiúla sa réigiún a bheith mar eiseamláirí agus bearta á dtabhairt isteach acu a bhaineann lena ngníomhaíochtaí a mhaolóidh astuithe. Eiseamláir mhaith is ea tionscnamh Chomhairle Contae Fhine Gall le cinnte a dhéanamh de go dtógfar forbairtí tithíochtaí de réir caighdeán atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh agus atá 60% thar an gcaighdeán náisiúnta. Cuireadh

DRÉACHT

ceanglais foirgníochta inbhuanaithe i bhfeidhm i bPlean Ceantair Áitiúil na Ceapaí agus bhí na freagraí go dtí seo iontach dearfach.

Mórthionscadail Bhonneagair

Is féidir le mórthionscadail bhonneagair ar tugadh fúthu i réigiún Bhaile Átha Cliath le roinnt blianta anuas cur le caighdeán an aeir a chaomhnú sa réigiún. Ciallaíonn ról athraitheach na gcomhpháirtíochtaí príobháideacha agus poiblí go mbíonn údaráis áitiúla i gcónaí taobh thiar de thionscadail den chineál seo.

Meallann gach mórthionscadal aird ar réimse de chúrsaí comhshaoil. Le roinnt blianta anuas bhí measúnacht chúramach de dhíth ar roinnt de na tionscadail seo maidir le tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar chaighdeán an aeir réigiúnaigh. Ina measc tá:

- Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath
- Uasghrádú an M50
- Ionad Dramhaíola go Fuinneamh molta don Rinn.
- Athfhorbairt Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Forbairt leanúnach ar an ngréasán bóithre náisiúnta

Foirgníocht agus forbairt

Bhí leibhéil an-suntasach gníomhaíochta foirgníochta i réigiún Mhorcheantar Bhaile Átha Cliath le deich mbliana anuas. Ba mhór an leas a baineadh as an athnuachan seo, ach ní féidir neamhaird a dhéanamh ar an leibhéal d'imní poiblí leanúnach maidir le fadhbanna chaighdeán an aeir. Tá an earnáil foirgníochta go fóill ina hábhar mór gearáin ag an bpobal. Tá gá le comhsheasmhacht ar fud an réigiúin a éilíonn ar fhorbróirí plean cáipéiseach a chur ar fáil chun deannach agus astuithe aeriompartha a mhaolú le linn tógáil agus scairteáil.

Dó neamhrialaithe

Tá dé-ocsain, ar truailleán é a tharlaíonn nuair a dhóitear ábhar áirithe ag leibhéal íseal teochta, mar ábhar mór suime le blianta beaga anuas. Cuireann dó neamhrialaithe ábhar dramhaíola le breis agus 50% d'astuithe dé-ocsaine in Éirinn. Fadhb í seo atá ag dul i méid ar fud na tíre agus 80% d'údaráis áitiúla á aithint mar cheist mhór. Dé réir shuirbhé an EPA (17) ar dhearcadh mhuintir na hÉireann ar cheisteanna comhshaoil, admhaíonn duine fásta as gach deichniúr gur dhóigh siad dramhaíl tí. Fadhb is ea í atá ag fás go fóill cé go dtuigeann 80% de dhaoine fásta an baol don chomhshaol agus don tsláinte a bhaineann le Dó sa Chúlchlós agus go dtuigeann 40% gurb é Dó sa Chúlchlós an fhoinse is mó dé-ocsaine in Éirinn. Dhá ábhar mhóra imní ón suirbhé ná go **gcreideann 15% de dhaoine fásta go bhfuil dó sa chúlchlós inghlactha mar dhóigh le dramhaíl a dhiúscairt** agus **dúirt leathcuid acu siúd a d'admhaigh gur dhóigh siad, go ndearna siad é agus a fhios acu faoi na himpleachtaí sláinte poiblí** mar gheall ar na dé-ocsaidí a scaoiltear.

DRÉACHT

Ní mór tosaíocht a dhéanamh de dhul i ngleic le dó dramhaíola i réigiún Bhaile Átha Cliath. Ba chóir feachtas réigiúnach eolais phoiblí a fhorbairt ar an mbaol don tsláinte agus don chomhshaoil a bhaineann le tinte cnámh na Samhna.

3.2 Dúshláin atá ag teacht chun cinn

Athrú Aeraide

Mar gheall ar an imní faoi athrú aeráide tá tuiscint anois nach raibh riamh ann faoin ngá le srian a choinneáil ar astuithe agus gur chóir freagracht a ghlacadh i leith iompair aonair agus grúpa. Is tuiscint í seo ar chóir a chothú agus leas a bhaint aisti. Tríd an athrú a réamh-mheas is féidir go mbeifear in inmhe drochthionchair a íoslaghdú agus na tionchair dhearfacha a uaslaghdú a bhaineann le hathrú aeráide domhanda.

Tugann an Ceathrú Tuarascáil Measúnachta ar athrú aeráide ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) (18) samplaí de na mórthionchair atá measta de réir gach earnála, ina measc:

- Éileamh maolaithe ar fuinneamh i leith téamh
- Éileamh méadaithe ar fhuarú
- Caighdeán an aeir ag titim sna cathracha
- Cur isteach ar iompar mar gheall ar shneachta agus ar leac oighir maolaithe
- Cur isteach ar lonnaíochtaí, thráchtáil, iompar agus shochaí mar gheall ar thuile
- Brú ar bhonneagar uirbeach agus tuaithe
- Poitéinseal laghdaithe ar ghiniúint hidreachumhachta

Léiríonn an tuarascáil na straitéisí inoiriúnaithe le haghaidh gach earnála, an creatbheartas agus na príomhchonstaicí agus na deiseanna chun cur i bhfeidhm. Léiríonn sé fosta teicneolaíochtaí maolaithe na bpríomhearnálacha, agus na beartais, na bearta agus na hionstraimí a léiriodh go bhfuil siad éifeachtach i dtaca leis an gcomhshaol seo agus na príomhchonstaicí agus deiseanna.

Tá sé ríthábhachtach go mbíonn leasuithe ar athrú aeráide fite fuaite trí na cuspóirí pleanála agus monatóireachta um chaighdeán an aeir (AQMP). Tá sé tábhachtach fosta go dtabharfar faoi staidéir thaighde faoi na mórthionchair a bhaineann le hathrú aeráide a bhfuiltear ag súil leo ag tagairt do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ba chóir do thaighde agus do bheartas chur chuige comhtháite a ghlacadh maidir le dul i ngleic le hathrú aeráide agus chaighdeán an aeir. B'fhéidir gur réiteach ar fhadhb eile a bheadh i réitithe a chuirtear le chéile go cúramach ar fhadhb amháin.

Cuireann an Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 2007-2012 leis an tiomantas d'fhorbairt inbhuanaithe leagtha amach in i dtreo 2016 agus sa

DRÉACHT

Phlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus tá sé ar cheann de na tionscnaimh a bhaineann leis an rialtas a rachaidh i ngleic le ceisteanna fuinnimh agus athrú aeráide. Áireofar leo siúd an Páipéar Bán ar Fhuinneamh, an Plean Gníomhaíochta ar Bhithfhuinnimh agus an Plean Gníomhaíochta ar Iompar Inbhuanaithe.

Ag cur feabhas ar an mbonn faisnéise

Tá dul chun cinn déanta ar an monatóireacht a dhéantar ar chaighdeán an aeir sa réigiún le roinnt blianta anuas. Chuir fairsingiú an ghréasáin mhonatóireachta aeir agus tabhairt isteach modhanna níos sofaisticiúla monatóireachta le haghaidh réimse níos leithne truailleáin go mór leis an eolas atá againn ar chaighdeán an aeir sa réigiún. Ní bhíonn mórán de chomhtháthú ar na sonraí monatóireachta seo ag leibhéal réigiúnach, agus déantar cinntí ar láithreánú monatóireachta ar bhonn áitiúil seachas ar bhonn straitéiseach réigiúnach.

Cosúil leis seo tá comhtháthú de dhíth ar réimse agus ar chion foinsí astúcháin ar fud an réigiúin. Cé go ndearnadh cuid mhór oibre úsáidí i dtéarmaí mórphleanáil éigeandála chun mórfhoinsí a d'fheadfadh a bheith ann a mhapáil tá easpa eolais faoi láthair ar fáil ar raon iomlán na bhfoinsí astúcháin atá ann. Bíonn mórimpleachtaí ag baint leis seo i dtéarmaí straitéisí a fhorbairt do bhainistíocht ar chaighdeán an aeir.

Bainistíocht ar chaighdeán an aeir a comhtháthú i bpleananna earnála eile

Agus an t-athrbhreithniú seo á dhéanamh go dáta, sainíodh roinnt pleananna réigiúnacha a théann i ngleic le ceisteanna chaighdeán an aeir i Réigiún Bhaile Átha Cliath.
Sin iad:

1. Bord Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath. Dublin– *A City of Possibilities 2002-2012*
2. Plean Bainistíochta Dramhaíola do Réigiún Bhaile Átha Cliath 2005-2010
3. Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath - *A Platform for Change – Summary Report*
4. Treoirlínte Pleanála Straitéiseacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
5. Ráiteas Straitéise 2005-2007 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
6. Clár 21 Áitiúil

Is fiú a thabhairt faoi deara fosta nach ndéantar tagairt ar bith don AQMP i ngach ceann de na pleananna réigiúnacha seo cé go dtéitear i ngleic le caighdeán an aeir go leibhéil áirithe.

DRÉACHT

Is fiú a thabhairt faoi deara gur cosúil nach bhfuil mórán de chrostagairt ann idir na pleananna maidir le caighdeán an aeir.

Ar a bharr leis seo thuas, bíonn a réimse féin de phleananna ag gach údarás áitiúil a dhéanann tagairt do bhainistíocht ar chaighdeán an aeir. Ina measc tá:

- Pleananna Corparáideacha
- Pleananna réigiúnacha le haghaidh bainistíocht dramhaíola
- Pleananna Forbartha Cathrach agus Contae
- Pleananna Gnó roinne éagsúla

Maítear i bPlean Forbartha Contae 2004-2010 Chomhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin:

- *"Tá sé mar bheartas ag DLRCC go gcuirfidh prionsabail na forbartha inbhuanaithe gach cuspóir, beartas, cinneadh agus gníomhaíocht de chuid na Comhairle Contae ar an eolas le linn thréimhse an Phlean... Cuid lárnach d'inbhuanaitheacht is ea cosaint na timpeallachta tógtha agus nádúrtha...*

- *Tá sé mar bheartas ag an gComhairle cinnte a dhéanamh de go bhfeidhmítear gach gníomhaíocht eacnamaíoch sa Chontae de réir reachtaíochta reatha ar an gcomhshaol san Eoraip agus ar bhonn Náisiúnta. Tá ról ag an gComhairle chun comhairle, monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chúrsaí comhshaoil ina measc astúcháin chuig an aer. Nuair a bhítear ag déanamh measúnacht ar mholtaí le haghaidh soláthar fostaíochta cuirfidh an Chomhairle san áireamh an idirghníomhaíocht idir forbairt den chineál sin agus an timpeallacht atá i gceist. I measc na ngnéithe a mbeidh measúnacht le déanamh orthu beidh tionchar na bpróiseas tionsclaíoch ar chaighdeán an aeir.*

- *Tá sé mar bheartas ag an gComhairle cur i bhfeidhm na gcuspóirí de réir mar atá siad leagtha amach i Straitéis DTO a éascú...*

- *Tá sé mar bheartas ag an gComhairle foráil do laghdú truaillithe aeir a chur i bhfeidhm de réir Treoracha Náisiúnta agus AE agus riachtanais reachtaíochta i gcomhar le gníomhaireachtaí eile mar is cuí.*

- *Bhunaigh an Chomhairle gréasán de stáisiúin mhonatóireachta truaillithe aeir a shínfear mar is gá.*

- *Beidh aird ag an gComhairle ar Threoir Ghinearálta Beartais Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1988 (arna leasú) maidir le caighdeáin aercháilíochta go náisiúnta, agus ar Phlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath agus iarratais a mheas le haghaidh cead pleanála agus reachtaíocht eile arbh fhéidir a achtú...*

- *"Le bheith de réir phrionsabail na forbartha inbhuanaithe...tá sé mar fhís ag an bPlean seo tacaíocht a thabhairt d'éifeachtacht fuinnimh, do chaomhnú agus do ghiniúint ó acmhainní in-athnuaite..."*

Chuideofaí bunú Choiste Stiúrtha faoi Chaighdeán an Aeir le cinnte a dhéanamh de go ndéantar an Plean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir a chomhtháthú le beartais náisiúnta agus AE. Ba chóir go mbeadh an bhéim ar

DRÉACHT

an AQMP a phríomhshruthú isteach sa phróiseas Plean Forbartha agus Measúnachta Straitéisí ar an gComhshaol chomh maith le pleananna caomhnaithe fuinnimh agus pleananna bainistíochta.

Ag díriú ar fhorfheidhmiú

Is é an tAcht um Thruailliú Aeir 1897 agus na Rialacháin ghaolmhara an phríomhionstraim reachtaíochta trína mbíonn cumhacht ag na húdaráis áitiúla astúcháin truaillithe aeir a rialú. D'éirigh go geal le beartas dian forfheidhmithe sa réigiún astúcháin a rialú le linn thréimhse an AQMP dheireanaigh.

Ní mór d'údaráis áitiúla tosaíocht a dhéanamh de dhul i ngleic le dó dramhaíola i réigiún Bhaile Átha Cliath. Tá comhordú na ngníomhaíochtaí forfheidhmithe de réir na nAchtanna um Bainistíú Dramhaíola 1996-2005 agus an Achta um Thruailliú Aeir de dhíth leis an tionchar is dearfaí a chinntiú ar chaighdeán an aeir.

Bhí forfheidhmiú leanúnach na Rialachán um Breoslaí a Mhargú, a Dhíol agus a Dháileadh 1992 de bhiotúmach le linn tréimhse an phlean deireanaigh éifeachtach chun caighdeáin chaighdeán an aeir a choinneáil agus chuidigh sé go mór le cur chun cinn breoslaí nach gcruthaíonn an oiread sin truaillithe cosúil le leictreachas gáis nádúrtha, agus ola gáis ina bhfuil leibhéal íseal sulfair ann. Caithfidh údaráis áitiúla plean feidhmíochta réigiúnach comhordaithe a fhorbairt chun an cosc a chur i bhfeidhm go leanúnach ar bhreosla biotúmanach a mhargú, a dhíol agus dháileadh.

3.3 Conclúidí achoimre

1. Ní mór d'Éirinn caighdeáin nua AE faoi chaighdeán an aeir a bhaint amach le haghaidh roinnt truailleán sa tréimhse 2005-2010. Is féidir gur dúshlán a bheidh ann na caighdeáin nua a bhaint amach d'ocsaídí nítrigine agus ábhar cáithníneach i láithreacha oilc ina bhfuil cuid mhór trách ta. Cé go bhfuil astuithe ó fheithiclí aonair ag titim go fóill mar gheall ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus breosla níos glaine, seach-chuireadh feabhsaithe go dáta go mór mór mar gheall ar an méadú suntasach ar líon na bhfeithiclí ar an mbóthar.

2. Tá astúcháin ón earnáil iompair ar an bpríomhbhagairt, ach ní an t-aon bhagairt iad, do chaighdeán an aeir i réigiún Bhaile Átha Cliath. I measc na gceisteanna eile tá, an tionscal foirgníochta, dó neamhrialaithe dramhaíola agus astúcháin áitiúla ó roinnt bheag tionscal. Ní mór straitéisí faoi leith ar nós na gceann sin atá sa bhunleagan AQMP a chur i gcrích sa leagan leasaithe, ach an uair seo é a bheith ar bhonn tosaíochta agus ar bhonn ama.

4. Ní mór gearáin chaighdeánaithe agus iniúchtaí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud an réigiúin. Is féidir leo siúd a bheith de réir Chreatlach

na nÍoschritéar Molta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil (RMCEI) a d'fhorbair an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

5. Rinneadh ídiú fuinnimh agus slándáil fuinnimh ina ábhar imní do shochaí na hÉireann agus is mar sin a bheidh sé i gcónaí. Fianaise shoiléir de seo is ea Páipéar Bán an Rialtais ar fhuinneamh. Go híorónta, cruthaíonn an cás seo faill chun an bhaint idir caomhnú fuinnimh agus ísliú astúchán a léiriú ar fud roinnt mhór earnálacha. Ba chóir don AQMP nua an fhorbairt seo a chur san áireamh agus é a úsáid mar ghníomhaí spreagtha chun athrú a éascú. Ní mór do chomhtháthú ar athrú aeráide agus straitéisí chaighdeán an aeir agus taighde a bheith mar chuid den phlean nua.

DRÉACHT

An Bealach chun Tosaigh

4.1 An Comhthéacs a shoiléiriú

Cuireann caighdeán maith aeir go mór le sláinte agus le caighdeán beatha an phobail i réigiún Bhaile Átha Cliath. Cé go bhfuil caighdeán an aeir i réigiún Bhaile Átha Cliath go maith, tá iarrachtaí inbhuanaithe de dhíth chun an conláiste luachmhar nádúrtha seo a chosaint.

Méadaítear úsáid agus taitneamh cuid mhór acmhainní nádúrtha eile, ar nós ár spásanna uaine, agus aer glan againn, agus cuirtear taca faoi tharraingteacht an réigiúin do chuairteoirí agus d'infheistíocht inmheánach trí thiomantas láidir a bheith ann maidir le bainistíocht comhshaoil.

Cé go gcomhlíonann caighdeán an aeir i Réigiún Bhaile Átha Cliath le caighdeáin an Aontais Eorpaigh faoi láthair, ní féidir na maidí a ligint le sruth. Léirítear ón taithí go dtí seo go soiléir gurb amhlaidh go laghdaíonn na leibhéil dhlíthiúla cheadaithe le haghaidh na substaintí seo de réir mar a mhéadaíonn an t-eolas atá againn ar thionchar na dtruailleán áirithe seo. De réir mar a leantar den díospóireacht ag leibhéal an Aontais Eorpaigh go nglacfar leis na caighdeáin úra le haghaidh chaighdeán an aeir, tá sé soiléir go mbeidh sé mar dhúshlán ag gach Ballstát feabhsuithe breise leanúnacha a bhaint amach.

Go dearfach, mar gheall ar an imní faoi athrú aeráide a bhfuil údar maith aige, tá tuiscint nach raibh riamh ann anois faoin ngá le srian a choinneáil ar astúcháin agus gur chóir freagracht a ghlacadh i leith iompair aonair agus ghrúpa. Is tuiscint é seo ar chóir a chothú agus a leas a bhaint as.

Is féidir nach mbeidh smacht díreach ag údaráis áitiúla ar chuid mhór de na ceisteanna a chruthaigh méaduithe nó laghduithe ar leibhéil ar leith truailleán a bheith astaithe. Níor chóir go mbeadh sé seo, áfach, ina bhac chun dul i mbun gnímh, nó chun bheith ina thacadóir le hathrú nó ina éascaitheoir chuige. Tá ról faoi leith ag údaráis áitiúla sa tsochaí dul i bhfeidhm ar eagraíochtaí eile agus le bheith ina n-éascaitheoirí chun athrú. Tá an poitéinseal ag údaráis áitiúla fosta a bheith mar eiseamláirí dea-chleachtais ar féidir leo dul i bhfeidhm ar chomhlachtaí eile.

Ba chóir go mbeadh na heilimintí ar leith i bPlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath soiléir, agus ba chóir dóibh an cur chuige SMART a leanúint, i.e sonrach; intomhaiste; indéanta; réadúil; agus tráthúil.

Ba chóir béim a chur ar an bpointe go dtéann na cuspóirí seo i ngleic leis na limistéir sin ina mbeidh na ceithre údarás áitiúil ag gníomhú le chéile. Is féidir gur mian le gach údarás áitiúil leanúint le tionscnaimh nó gníomhaíochtaí ar tosaíochtaí iad ina limistéar feidhme féin.

Is iad seo a leanas na príomhstraitéisí ar chóir do na húdaráis áitiúla sa réigiún a mheas:

DRÉACHT

1. Feabhas a chur ar chomhordú ár n-iarrachtaí agus tógáil ar an dea-obair atá déanta go dáta.

2. Bainistíocht ar chaighdeán an aeir a phríomhshruthú isteach i ngach mórlimistéar beartais.

3. Cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise a neartú trí fheabhas a chur ar an dóigh a roinnimid faisnéis ar chaighdeán an aeir

4. Bheith i dtús cadhnaíochta agus mar dhea-shampla le bearta maidir le gníomhaíochtaí údaráis áitiúil a mhaolóidh astúcháin.

5. Mórbhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le caighdeán an aeir a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh.

6. Critéir shoiléire a bhfuil sprioc ama leo a sholáthar chun na cuspóirí a bhaint amach.

4.2 Fráma ama d'athrú

Is iad seo a leanas na bearta faoi leith atá le tabhairt fúthu:

Straitéis 1: Feabhas a chur ar chomhordú ár n-iarrachtaí agus tógáil ar an dea-obair atá déanta go dáta.

Taobh istigh de mhí amháin ó ghlactar leis an bPlean:

Coiste Stiúrtha um Chaighdeán an Aeir a bhunú ina bhfuil baill bhainistíochta agus teicniúla de gach ceann de na húdaráis áitiúla chun athbhreithniú a dhéanamh agus chun tuairisc a thabhairt gach tréimhse ar chur i bhfeidhm an AQMP. Ba chóir go mbeadh an bhéim ar chinnte a dhéanamh de go ndéantar é a chomhtháthú le beartais náisiúnta agus an AE agus go ndéantar é a phríomhshruthú sna próisis Phlean Forbartha agus SEA araon.

Taobh istigh de thrí mhí ó ghlactar leis an bPlean:

5. Cur Chuige Caighdeánach Feidhmíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le freagra a thabhairt ar ghearáin ón bpobal faoi chásanna truaillithe aeir de réir dea-chleachtais agus cothroime ar fud réigiún Bhaile Átha Cliath.
   Soláthraíonn creatlach na nÍoschritéar Molta le haghaidh Iniúchtaí Comhshaoil (RMCEI) a d'fhorbair an An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil creatlach le cinnte a dhéanamh go bhforbraítear agus go méadaítear an leibhéal seo seirbhíse.

Taobh istigh de shé mhí ó ghlactar leis an bPlean:

DRÉACHT

Plean forfheidhmithe réigiúnach comhordaithe a fhorbairt chun an cosc a chur i bhfeidhm go leanúnach ar mhargaíocht, dhíol agus dháileadh breosla bhiotúmaigh.

Straitéis 2: Bainistíocht chaighdeán an aeir a phríomhshruthú isteach i ngach mór-réimse beartais.

Taobh istigh de dhá mhí dhéag ó ghlactar leis an bPlean agus mar is gá ina dhiaidh sin.

1. Déanfaidh Coiste Stiúrtha um Chaighdeán an Aeir mórphleananna earnála atá ann cheana a mheas (e.g Pleananna Bainistíochta Dramhaíola, StraitéisTráchta) agus rún aige cinnte a dhéanamh de go dtugtar faoi cheisteanna a bhaineann le caighdeán an aeir.

2. Coinníollacha pleanála a socraítear orthu roimh ré a théann i ngleic le ceisteanna chaighdeán an aeir agus dea-chleachtas a fhorbairt i gcomhar leis na Rannóga Pleanála faoi seach i ngach údarás áitiúil. Ba chóir go mbeadh riachtanas ar leith iontu siúd a éilíonn ar fhorbróirí plean cáipéiseach a sholáthar chun deannach agus astuithe san aer a mhaolú le linn tógáil agus scairteáil.

Straitéis 3: Cinnteoireacht bunaithe ar fhianaise a neartú trí fheabhas a chur ar an dóigh a roinnimid faisnéis ar chaighdeán an aeir

Taobh istigh de dhá mhí dhéag ó ghlactar leis an bPlean:

1. Córas a fhorbairt chun sonraí faoi chaighdeán an aeir a roinnt agus a chur le chéile idir údaráis áitiúla.

Taobh istigh de 18 mí ó ghlactar leis an bPlean:

2. Meicníocht a fhorbairt chun an eolas seo ar chaighdeán an aeir a scaipeadh i measc an phobail ar dhóigh shothuigthe agus tráthúil. Ba chóir smaoineamh ar chórais bunaithe ar an idirlíon agus/nó ar mheáin phoiblí ar nós seirbhísí teilitéacs.

Taobh istigh de 24 mí ó ghlactar leis an bPlean:

1. Comhstór faisnéise a fhorbairt ar fhoinsí astúcháin taobh istigh de réigiún Bhaile Átha Cliath. Mar chéad chéim sa phróiseas seo bheadh gá le forbairt fardal astúchán le haghaidh an réigiúin. Chuideoidh sé seo ara uain le samhail tuartha chaighdeán an aeir a fhorbairt atá in inmhe tionchair charnacha na mórthionscadal agus na bhforbairtí i Réigiún Bhaile Átha Cliath a thuar.

DRÉACHT

2. Clár comhpháirtíochta a fhorbairt ar ghníomhaíochtaí taighde le comhlachtaí eile (ar nós institiúidí tríú leibhéal) agus rún ann an bonn faisnéise a mhéadú chun cinntí eolacha a dhéanamh ar chaighdeán an aeir.

Straitéis 4: Bheith ar thús cadhnaíochta agus mar dhea-shampla le bearta maidir le gníomhaíochtaí údaráis áitiúil a mhaolóidh astúcháin.

Taobh istigh de shé mhí ó ghlactar leis an bPlean:

1. Déanfaidh an Coiste Stiúrtha um Chaighdeán an Aeir measúnacht ar phleananna caomhnaithe fuinnimh agus bainistíochta fuinnimh agus rún ann measúnacht a dhéanamh lena léiriú go bhfuil gach cuid de bhainistíocht ar chaighdeán an aeir san áireamh.

Taobh istigh de 18 mí ó ghlactar leis an bPlean:

2. Tuairisc a thabhairt ar fhéidearthacht chabhlach an údaráis áitiúil a athrú chuig breoslaí eile (cuireadh tús leis an mbunobair air seo).

Sainaithníonn Straitéis 5 agus déanann tosaíocht de dhul i ngleic le mórbhagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le caighdeán an aeir.

Taobh istigh de 6 mí ó ghlactar leis an bPlean:

1. Tosaíocht a dhéanamh de dhul i ngleic le dó neamhrialaithe dramhaíola i réigiún Bhaile Átha Cliath, agus béim faoi leith ar aisghabháil miotail trí dhó cáblaí.

Taobh istigh de 24 mí ó ghlactar leis an bPlean:

2. Feachtas faisnéise poiblí a fhorbairt ar na dea-chleactais chomhshaoil maidir le caighdeán an aeir. I measc na samplaí praiticiúla a d'fhéadfadh a bheith ann tá feachtas tuisceana ar cheisteanna a bhaineann le tinte cnámh na Samhna, agus ar bhainistíocht láithreáin tógála.

Taobh istigh de 36 mí ó ghlactar leis an bPlean:

3. Tacaíocht a thabhairt do bhearta a ligfidh do chuideachtaí príobháideacha nó poiblí scéimeanna sochair chomhchineáil a thabhairt isteach d'iompar poiblí, roinnt gluaisteán agus áiseanna feabhsaithe le haghaidh rothaithe.

DRÉACHT

Aguisín 1: Plean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath 1999

Bardas Bhaile Átha Cliath

Fine Gall

Plean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath Theas

Dún Laoghaire/Ráth an Dúin

DRÉACHT

DRÉACHTPHLEAN BAINISTÍOCHTA UM CHÁILÍOCHT AN AEIR DO BHAILE ÁTHA CLIATH

RÁITEAS FÍSE

Is é ráiteas físe an Phlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath:-

“Chun feabhas a chur ar shláinte agus ar chaighdeán beatha shaoránaigh Bhaile Átha Cliath agus chun an comhshaol a chosaint trí chur chuige comhordaithe a sholáthar maidir le truailliú aeir a rialú agus maidir le forbairt inbhuanaithe na timpeallachta tógtha agus iompair sa réigiún".

CUSPÓIR AN PHLEAN

Is é príomhchuspóir an Phlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath ná beartais agus straitéisí a fhorbairt ionas go mbíonn leibhéil thomhaiste de thiúchan truailleán aeir ag comhlíonadh na spriocluachanna maidir le caighdeán an aeir faoi 2001. Bunaítear sa Phlean roinnt beart chun astúcháin truaillithe aeir ó fhoinsí buana agus foinsí iompair ar bhóthar a rialú agus a mhaolú. Bíonn ról tábhachtach ag beartais áitiúla iompair agus an Plean á chur i bhfeidhm toisc go bhfuil ceannasacht na dtruailleán ó astuithe ó sceithphíopaí mótarfheithiclí ag cur isteach ar chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh. Baineann gnéithe eile den Phlean le cláir oideachasúla agus cláir phromóisin, bunú Coiste Stiúrtha chun measúnacht a dhéanamh ar éifeachtacht an Phlean agus le forbairt ghinearálta agus ceisteanna pleanála réigiúnaí.

Tá bearta áirithe ann a bhaineann le hastiúcháin a mhaolú a chinneann an Rialtas Náisiúnta tríd an Aontas Eorpach agus mar sin de ní bhaineann siad le cumhachtaí reachtúla na hÚdarás Áitiúil. Baineann siad seo le Treoracha nua éagsúla agus le Reachtaíocht Náisiúnta chomhfhreagrach maidir le teorainneacha astúcháin le haghaidh iompair ar bhóthar; lena n-áirítear gluaisteáin phríobháideacha agus feithiclí earraí tráchtála. Rachaidh na dianbhearta rialaithe astúcháin a thug an tAontas Eorpach isteach i bhfeidhm go mór ar thoirt na n-astuithe ó iompar ar bhóthar i limistéar an Phlean. Tacaíonn na hÚdaráis Áitiúla go hiomlán le bearta atá dírithe ar astuithe ó sceithphíopaí feithiclí a rialú agus a mhaolú trí uasluachanna níos déine a shocrú d'fheithiclí nua. As siocair go mbaineann tabhairt isteach reachtaíochta den chineál sin le Rialtas Náisiúnta agus go mbíonn sé taobh amuigh de dhualgas cinnteoireachta an Údaráis Áitiúil ní chlúdaítear an ghné seo de rialú ar chaighdeán an aeir sa liosta beartas atá sa Phlean.

Tá na spriocluachanna atá molta le haghaidh na dtruailleán áirithe aeir a dtagtar go minic orthu i dtimpeallacht uirbeach i dTábla 1. Tá an sprioctiúchan atá léirithe sa tábla bunaithe ar Threoreacha Aeir ón Aontas Eorpach atá ann cheana nó atá molta agus a rinneadh a fhorbairt chun sláinte an phobail ghinearálta a chosaint.

DRÉACHT

Tábla 1
Spriocluachanna maidir le Caighdeán an Aeir do Réigiún Bhaile Átha Cliath

Truailleán	Tréimhse Mheánaithe	Spriocluach
Dé-ocsaíd Sulfair	Meán 10 nóiméad Meán 1 uair (1) Meán 24 uair (2) Meán Bliantúil	500 (μ500 (μg/m^3) 350 (μ350 (μ g/m^3) 125 (μ125 (μg/m^3) 60 (μ60 (μ g/m^3)
Dé-Oscaíd Nítrigine	Meán 1 uair (3) Meán Bliantúil	200 (μ200 (μ g/m^3) 40 (μ40 (μ g/m^3)
Deatach Dubh	Meán 24 uair Meán Bliantúil	150 (μ150 (μ g/m^3) 60 (μ60 (μ g/m^3)
Ábhar cáithníneach (PM_{10})	Meán 24 uair (4) Meán Bliantúil	50 (μ50 (μ g/m^3) 30 (μ30 (μ g/m^3)
Beinséin	Meán Bliantúil	5 (μ5 (μ g/m^3)
Aonocsaíd Charbóin	Meán 8 uair (5)	10 (mg/m3)
Ósóin	Meán 8 uair (6)	120 (μ120 (μ g/m^3)
Luaidhe	Meán Bliantúil	0.5 (μ0.5 (μ g/m^3)

Nóta: Tuigtear spriocluachanna chaighdeán an aeir ar an dóigh seo a leanas:-
(1) 350 (μ(1) gan dul thar 350 (μ g/m3) de mheán uaire níos mó ná 8 n-uaire sa bhliain
(2) 125(μ(2) gan dul thar 125 (μg/m3) de mheán uaire níos mó ná 3 huaire sa bhliain
(3) 200 (μ(3) gan dul thar 200 (μg g/m3) de mheán uaire níos mó ná 8 n-uaire sa bhliain
(4) 50 (μ(4) gan dul thar 50 (μg/m3) de mheán uaire níos mó ná 25 uair sa bhliain
(5) 10 (mg/mc) mar mheán reatha 8 n-uaire
(6) 120 (μ(6) Gan dul thar 120 (μ g/m3) mar an meán reatha 8 n-uaire is airde taobh istigh d'aon lá ar níos mó ná 20 lá sa bhliain

Ar an iomlán, tá caighdeán an aeir i Réigiún Bhaile Átha Cliath go maith. Tá ceantair áirithe uirbeacha sa Réigiún, áfach, ina bhféadfaidh na leibhéil de thruailliú aeir a bheith ina gcúiseanna imní ó am go chéile. Ón mionstaidéar ar tugadh faoi de réir an chláir AQMP is iad dé-ocsaíd nítrigine, ábhar cáithníneach (PM10) agus beinséin na truailleáin a bhfuil straitéisí maolaithe de dhíth orthu le haghaidh 2001. Tá deatach dubh san áireamh i dTábla 1 toisc go bhfuil sé san áireamh sna rialacháin faoi Chaighdeáin Náisiúnta um Chaighdeán an Aeir. Is dóchúla, áfach, nach leanfar leis an truailleán seo mar pharaimédar monatóireachta faoi 2001, agus go mbeidh sampláil leanúnach PM10 ina áit a aithnítear mar thomhas níos iontaofa agus cruinne d'ábhar cáithníneach aeriompartha. Le haghaidh na dtruailleán eile i dTábla 1, dé-

DRÉACHT

ocsaíd sulfair, aonocsaíd charbóin, ósóin agus luaidhe, léiríonn torthaí monatóireachta le blianta beaga anuas go meastar go gcomhlíonfaidh tiúchan comhthimpeallach reatha le spriocluachanna molta maidir le caighdeán an aeir. Mar thoradh ar na treochtaí i leibhéil chomhthimpeallacha le haghaidh na dtruailleán seo ní bhíonn straitéisí faoi leith le hastúchán a laghdú de dhíth.

Déantar measúnacht ar spriocluachanna maidir le caighdeán an aeir ar bhonn truailleáin ar thruailleán. Níl aon fhianaise ann go bhfuil an tiúchan a mhothaítear de ghnáth sa timpeallacht uirbeach go bhfuil na comhthionchair shláinte sineirgisteach; fiú i gcásanna truaillithe aeir.

Ba chóir leibhéil de chaighdeán an aeir a chur i gcomparáid leis na spriocluachanna atá sainithe sa Phlean in áiteanna lasmuigh, seachas an áit oibre, nuair a bhíonn nochtadh an duine thar an am cuí meánaithe suntasach.

Is féidir nach mbeidh na suíomhanna ina dtarlaíonn an tiúchan is airde, ar nós ar imeall colbha, oiriúnach chun measúnacht a dhéanamh ar a bhaol don saoránach toisc go mbeadh fad an nochta do leibhéil arda ó phíobán sceite na feithicle iontach gairid.

Ba chóir tabhairt faoi mhonatóireacht ar chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh ag suíomhanna atá bainte ar shiúl ó thionchar díreach foinsí astúcháin chun tomhais a sholáthar a sheasann do ghnáthnochtadh pobail. Tá sé seo de réir na dTreoracha cuí A.E. Thiocfadh le láithreacha a bheith san áireamh leis seo atá cóngarach do mhórbhealaí, ar nós ar chúl an chosáin agus fosta ag suíomhanna cónaithe nó cúlra sa Réigiún.

DRÉACHT

POLASAITHE AGUS STRAITÉISÍ
Is iad na beartais agus na straitéisí gaolmhara seo a leanas na bearta atá de dhíth chun cuspóirí an Phlean a bhaint amach ionas gur féidir an ráiteas físe a chomhlíonadh.

BEARTAS 1
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla astúcháin aeir ó áiteanna cónaithe, tráchtála agus tionsclaíocha a rialú agus a mhaolú ina limistéir feidhme.

STRAITÉIS:
a) Cónaithe/Teaghlaigh

(1) Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla d'úsáid bhreoslaí níos glaine, ísealtruaillithe agus tabharfar tacaíocht d'athrú ó ghual agus breoslaí soladacha eile go gás nádúrtha, leictreachas agus ola gás le leibhéil ísle sulfair.

(ii) Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla de chosc a chur i bhfeidhm ar dhíol guail bhiotúmaigh agus nuair is cuí caingean dlí a ghlacadh in aghaidh trádálaithe a leanann de ghual a sholáthar ina limistéar rialaithe.

(iii) Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla de sheirbhís iniúctha gearán agus réitithe gearán a sholáthar do na saoránaigh ina limistéir feidhme.

b) Tráchtála/Tionsclaíoch

(i) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht d'fhorbairt inbhuanaithe thionsclaíoch ina limistéir feidhme trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí agus teicníochtaí táirge níos glaine, maolú i dtáirgeadh dramhaíola, caomhnú agus athchúrsáil ábhar.

(ii) Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla de theorainn a chur le hastúcháin ó thionscail agus iad a mhaolú trí na cumhachtaí reachtúla ón Acht um Thruailliú Aeir 1987.

(iii) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht d'athrú go hola gáis ina bhfuil leibhéil ísle sulfair nuair a úsáideann áiteanna tráchtála nó tionsclaíocha ola mar phríomhfhoinse breosla.

(iv) Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla de bhearta a chur i bhfeidhm chun astuithe gal pheitriliaim a rialú agus a aisghábháil a tharlaíonn mar gheall ar stóráil ag críochfort agus iompar peitril i dtancaer bóthair idir an críochfort agus na humair stórála ag an stáisiún seirbhíse.

BEARTAS 2
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla forbairt a rialú ina limistéir fheidhme chun úsáid éifeachtach talún agus bonneagair a sholáthar, agus dá bhrí sin ag rialú agus ag teorannú astúcháin aeir.

DRÉACHT

STRAITÉIS:
(i) Déanfaidh na hÚdaráis Áitiúla iniúchadh ar gach rud a bhaineann le mórfhorbairtí nua le cinnte a dhéanamh de nach gcruthaíonn astúcháin ar bith chuig an atmaisféar ón bhforbairt athrú ar bith i gcaighdeán an aeir a d'fhéadfadh dul thar na spriocluachanna atá sainithe sa Phlean do 2001.

(ii) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla go dtéann pleananna molta le haghaidh forbairt ar láithreáin bhruachbhailteacha nó úrnua, a bhfuil ráiteas faoin tionchar ar an gcomhshaol de dhíth orthu, i ngleic leis na tionchair áitiúla atá ag athruithe ar shruthanna tráchta ar chaighdeán an aeir.

(iii) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla go gcuirtear isteach an t-eolas is leor ar an tionchar a bheidh ag forbairtí nua ar chaighdeán an aeir mar chuid den nós imeachta measúnachta ar an gcomhshaol de réir ceanglais Reachtaíocht an AE ar Mheasúnachtaí Tionchair Timpeallachta agus de réir forálacha an Rialtais Áitiúil.
Achtannna (Pleanáil agus Forbairt) 1963-98 agus reachtaíocht ar bith ina ndiaidh.

(iv) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht d'fhorbairt tithíochta poiblí agus príobháidí cóngarach do bhealaí iompair phoiblí chun tuilleamaí ar ghluaisteáin phríobháideacha do chomaitéireacht chuig an obair agus ón obair a mhaolú.

(v) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla spreagadh do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá bunaithe sa bhaile a cheadú nuair, mar gheall ar a nádúr agus a scála, is féidir freastal a dhéanamh orthu gan baint de chonláiste ceantar cónaithe.

(vi) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht d'athlonnú áitribh ghnó i limistéir chónaithe a bhaineann go mór de chuspóirí cónaithe criosaithe.

BEARTAS 3
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla bearta a dhéanamh a mheastar a bheith cuí chun cur isteach ó astuithe deannaigh a chosc a tharlaíonn le linn gníomhaíochtaí foirgníochta/scairteála ina limistéir feidhme.

STRAITÉIS:
(i) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla, nuair is gá, go gcuirtear isteach plean cáipéiseach a léiríonn bearta chun deannach agus astuithe cáithníní aeriompartha a mhaolú agus a chosc sula dtugtar faoi ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina núis.

BEARTAS 4
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiula gníomhaíochtaí a rialú a bhaineann le haiteann agus coinleach tuí agus arbhair a dhó ar thailte tamhlaíochta nuair is dóiche go mbeidh núis ann.

DRÉACHT

STRAITÉIS:
(i) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla nuair is gá go gcuirtear isteach plean rúin chuig an rannóg comhshaoil chun tabhairt faoi dhó oscailte ar thailte tamhlaíochta sula ndóitear aiteann, coinleach agus arbhar eile chun deatach a chosc a tharlaíonn mar gheall ar an ngníomhaíocht seo a bheith ina núis don phobal áitiúil nó ina chontúirt d'úsáideoirí bóthair. Ba chóir achar an limistéir atá le dó, na bearta chun an dó a smachtú agus réamhchúraim sábháilteachta dóiteáin a thabhairt isteach chomh maith leis an sceideal molta dóite.

(ii) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla gur chóir luaithreach a fhágtar i ndiaidh coinleach arbhair agus tuí a dhó a ionchorprú san ithir le núis áitiúil deannaigh a chosc.

BEARTAS 5
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla cosc a chur ar leathadh sciodair talmhaíochta ar thailte talmhaíochta ar dhóigh a d'fhéadfadh núis bolaidh a chruthú sa phobal.

STRAITÉIS:
(i) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla go gcuirfear isteach plean chuig rannóg comhshaoil an Údaráis Áitiúil sula dtugtar faoi leathadh sciodair ar thailte. Ba chóir tabhairt faoi bhearta le linn leathadh talún a íoslaghdaíonn giniúint drochbholaithe mar gheall ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina núis.

(ii) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla, nuair a mheastar é a bheith praiticúil, go gcuirtear sciodar ainmnithe ar thailte trí leathadh banda nó instealladh dromchla cothrom i limistéir íogaire in áit trealamh leata splancphláta.

(iii) Is féidir go gcoinneoidh na hÚdaráis Áitiúla srian ar leathadh sciodair ainnmhithe ar thailte le linn dálaí aeráide a d'fhéadfadh drochbholaithe a chruthú sa cheantar i ndiaidh leathadh.

BEARTAS 6
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht a thabhairt d'athrú modúil ó úsáid gluaisteán príobháideach i dtreo cineálacha eile taistil agus chun úsáid iompair phoiblí a chur chun cinn chun astúcháin ó fheithiclí a mhaolú agus chun caighdeán an aeir a fheabhsú ina limistéir feidhme.

STRAITÉIS:
(i) Cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla áiseanna rothaíochta chun cinn agus tabharfaidh siad tacaíocht dóibh i limistéir chónaithe chun bealaí rothaíochta sábháilte a éascú ó scoileanna agus siopaí áitiúla agus chucu. Beidh an bhéim ar úsáid rothar a spreagadh a mhaolódh líon na ngluaisteán príobháideach ag taisteal le linn na buaicthréimhse taistil ar maidin.

(ii) Cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla i bhfeidhm plean Tionscnaimh Iompair Bhaile Átha Cliath do ghréasán de slite rothar straitéiseacha agus bealaí rothaíochta só. Áirítear sa phlean seo coinníollacha níos sábháilte rothaíochta,

feabhsuithe ar pháirceáil rothar agus áiseanna oiriúnacha glasála idir rothaíocht agus modhanna eile taistil.

(iii) Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla de bhealaí sábháilte agus áisiúla a spreagadh agus a chur chun cinn le siúl chuig scoileanna agus siopaí agus uathu i limistéir chónaithe agus béim ar bhealaí malartacha 'sábháilte' a sholáthar do thurais bheaga nach faide ná 1-2km iad de ghnáth.

(iv) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht do thabhairt isteach gasta Áiseanna Páirceála agus Taistil cóngarach do mhoill iompair phoiblí ina limistéir feidhme de réir na straitéise maidir le Tionsncamh Iompair Bhaile Átha Cliath mar mhodhanna eile taistil le haghaidh tiománaithe príobháideacha ag dul isteach i gcathair Bhaile Átha Cliath.

(v) Spreagfaidh na hÚdaráis Áitiúla agus tabharfaidh siad tacaíocht do chur i bhfeidhm gasta Mórlánaí Bus agus bearta tosaíochta eile do bhusanna ar na bealaí a shainítear sa straitéis maidir le Tionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath ina limistéir feidhme. Mar chuid den chlár forfheidhmithe tabharfar aird chuí ar bhearta maolaithe tráchta feiliúnacha i limistéir chónaithe cóngarach don bhealach chun dearóiliú i gcaighdeán an aeir a chosc mar gheall ar chomaitéirí ag baint úsáide as bóithre eile.

(vi) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht do Chóras Iompair Éireann agus dá fhochuideachtaí áiseanna seirbhíse idirbhus a sholáthar, naisc fhriothálacha chuig na seirbhísí bruachbhailteacha DART agus ARROW chun aistriú comaitéirí a éascú chuig an obair agus ón obair.

POLASAÍ 7
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla sruthanna tráchta a bhainistiú agus a rialú ina limistéir feidhme chun brú tráchta agus uaireanta scuaineála ag acomhail bhóithre agus i gceantair uirbeacha a mhaolú, dá bhrí sin ag cur feabhais ar chaighdeán an aeir sna suíomhanna seo.

STRAITÉIS:
(i) Leanfaidh na hÚdaráis Áitiúla de dhul i ngleic le moltaí ar bhearta maolaithe tráchta ina limistéir feidhme chun teorainn a chur le líon na bhfeithiclí ag dul trí limistéir chónaithe i gcóngaracht de mhóracomhail bhóithre, nó mar dhóigh chun iad a sheachaint.

(ii) Cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla pleananna chun cinn le cealla timpeallachta tráchta (ETC) a thabhairt isteach i lárionaid uirbeacha. Tabharfar faoi mhonatóireacht ar shruthanna tráchta i gcriosanna in aice láimhe lena chinntiú nach mbíonn drochthionchar ar bith ar chaighdeán an aeir.

(iii) Breathnóidh na hÚdaráis Áitiúla ar mholtaí chun na córais rialaithe um Thrácht Uirbeach atá in úsáid i lár chathair Bhaile Átha Cliath a shíneadh go suíomhanna bruachbhailteacha ar mhórbhealaí gathacha chun iarracht a dhéanamh an sreabh tráchta a fheabhsú ag acomhail agus chun astúcháin arda ó fheithiclí mar thoradh ar choinníollacha tiomána stad-tosaigh a laghdú.

DRÉACHT

(iv) Déanfaidh na hÚdaráis Áitiúla measúnacht ar thabhairt isteach straitéisí bainistíochta tráchta mar dhóigh chun tuilleadh dearóilithe i gcaighdeán an aeir ag 'láithreacha oilc' tráchta a chosc.

POLASAÍ 8
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla astuithe sceite ó fheithiclí seirbhíse poiblí a rialú agus a mhaolú ina limistéir feidhme.

STRAITÉIS:
(i) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla fíorú ar thástáil rialta astúcháin/innill Chóras Iompair Éireann agus cabhlach cóistí agus busanna a fhochuideachtaí le srian a choinneáil ar astuithe cáithníní agus truailleáin eile aeir agus chun iad a laghdú.

(ii) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla tacaíocht do mholtaí ó Chóras Iompair Éireann don Rialtas Náisiúnta an scála ama a laghdú ó thaobh seanstoc feithiclí ina gCabhlach a athsholáthar.

(iii) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla spreagadh do chláir chun feithiclí innill díosail atá cheana féin i gcabhlach Chóras Iompair Éireann agus a fhochuideachtaí a athrú go gás peitriliam leachtaithe (LPG) nó gás nádúrtha comhbhrúite (CNG).

(iv) Éileoidh na hÚdaráis Áitiúla fíorú go gcomhlíonann na busanna atá ag oibriú ar na bealaí atá sainithe mar Mhórlánaí Bus na teorainneacha astúcháin feithiclí atá ann faoi láthair.

(v) Beidh aird chuí ag na hÚdaráis Áitiúla ar astúcháin bhusanna agus choistí, atá á n-oibriú ag cuideachtaí príobháideacha, a rialú agus a theorannú má tharlaíonn go gcuirtear isteach tograí le haghaidh dírialáil bealaí áirithe taobh istigh dá limistéir feidhme.

BEARTAS 9
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla straitéis ghearrthéarmach bainistíochta a fhorbairt le haghaidh feithiclí tráchtála ina limistéir feidhme.

STRAITÉIS:
(i) Déanfaidh na hÚdaráis Áitiúla scrúdú ar thograí chun gluaiseacht Feithcilí Earraí Troma a rialú trí limistéir chónaithe agus mhiondíola.

(ii) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla bealaí tosaíochta isteach le haghaidh feithiclí den chineál seo ag taisteal go Calafoirt rochtana agus uathu.

(ii) Is féidir go gcuirfidh na hÚdaráis Áitiúla, nuair a mheastar é a bheith riachtanach, srian ar na suíomhanna agus ar na tréimhsí i rith na seachtaine nuair a bheidh lódáil/dílódáil ceadaithe ionas go maolófar trácht i lárionaid uirbeacha.

DRÉACHT

BEARTAS 10
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla spreagadh a thabhairt do ghnólachtaí ina limistéir feidhme, nuair is praiticiúil é, tuilleamaí a bhfostaithe ar ghluaisteáin phríobháideacha a mhaolú.

STRAITÉIS:
(i) Is féidir go dtabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla bearta rialaithe pleanála isteach chun líon na spásanna páirceála a rialú atá ceadaithe i bhforbairtí nua.

(ii) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla spreagadh do bhearta ar bith a ligfeadh do chuideachtaí príobháideacha agus poiblí scéimeanna malartacha díolaíochta sochair chomhchineáil a thabhairt isteach d'iompar poiblí, roinnt gluaisteán agus d'fheabhsú ar áiseanna le haghaidh rothaithe.

(iii) Is féidir go n-éileoidh na hÚdaráis Áitiúla ar mhórfhorbairtí tráchtála/tionsclaíocha nua pleananna a thabhairt isteach a spreagann aistriú ó ghluaisteáin phríobháideacha go hiompar poiblí.

BEARTAS 11
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla an leibhéal páirceála ar na sráideanna agus i gcarrchlóis a laghdú agus a theorannú sna lárionaid uirbeacha ina limistéir feidhme chun líon feithiclí agus astúcháin feithiclí a laghdú.

STRAITÉIS:
(i) Cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla srian páirceála chun cinn i lár Bhaile Átha Cliath, i nDún Laoghaire agus i lárbhailte eile chun brú tráchta a chruthaíonn gluaisteáin phríobháideacha agus astúcháin feithiclí ghaolmhara a mhaolú. Féadfaidh costas páirceála ar shráideanna a ardú, rialúcháin i dtaobh le srian páirceála a chur i bhfeidhm, criosanna tarraingthe taobh istigh de lár na cathrach agus páirceáil sráide an uile lae a díspreagadh a bheith i measc na mbeart molta.

(ii) Is féidir go ndéanfaidh na hÚdaráis Áitiúla measúnacht ar pháirceáil sráide 'saor' a bhaint ar shiúl ina lárcheantair ghnó uirbeacha agus i gceantar in aice láimhe nuair is léir go bhfuil páirceáil chomaitéirí ag tarlú i rith an lae.

POLASAÍ 12
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla tabhairt faoi chlár chun measúnacht a dhéanamh ar na bearta éagsúla atá ar fáil chun astúcháin a rialú agus a mhaolú óna chabhlach féin.

STRAITÉIS:
(i) Déanfaidh na hÚdaráis Áitiúla scrúdú ar éifeachtúlacht costais a bhaineann le feithcilí peitril agus díosail a athrú chuig breoslaí eile lena n-áirítear LPG, CNG, leictreachas agus bithbhreoslaí. Déanfaidh siad scrúdú fosta ar na

deiseanna atá ar fáil chun stoc nua feithiclí a cheannach, a oibríonn ar bhreoslaí eile.

(ii) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla nósanna imeachta isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar chiliméadair a dhéantar a thaisteal, rátaí ídithe breosla agus cláir chothabhála feithiclí chun feabhas a chur ar oibriú a gcuid feithiclí agus, dá bhrí sin, chun astuithe sceite a laghdú.

BEARTAS 13
Tá sé mar bheartas ag Údaráis Áitiúla athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeán an aeir go tréimhsiúil taobh istigh dá limistéir feidhme chun athruithe a aithint a d'fhéadfadh criosanna a chur faoi deara ina bhféadfaidh dearóiliú i gcaighdeán an aeir a tharlú.

STRAITÉIS:
(i) Cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla coiste stiúrtha i bhfeidhm, ina bhfuil baill bhainistíochta agus theicniúla, a thiocfaidh le chéile go tréimhsiúil chun athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí um chaighdeán an aeir agus a dhéanfaidh moltaí maidir le:-

éifeachtacht na mbeartas agus na straitéisí sainithe sa Phlean Bainistíochta um Chaighdeán an Aeir

riachtanais bhreise le haghaidh monatóireacht ar aer comhthimpeallach

fardal astúcháin a nuashonrú

samhaltú easraithe de chaighdeán aeir uirbigh

measúnacht a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag athruithe ar reachtaíocht Náisiúnta agus Idirnáisiúnta amach anseo ar chaighdeán an aeir atá ann cheana.

measúnacht ar threochtaí um chaighdeán an aeir i 'láithreacha oilc' tráchta sna lárionaid uirbeacha.

BEARTAS 14
Tá sé mar bheartas ag na hÚdaráis Áitiúla cláir oideachasúla a chur chun cinn maidir le cúrsaí a bhaineann le hastúchain aeir a laghdú agus a rialú chun feabhas a chur ar chaighdeán an aeir ina limistéir feidhme.

STRAITÉIS:
(i) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla faoi chláir phromóisin agus oideachasúla ina limistéir feidhme dírithe ar dhaoine aonair agus ar scoileanna. Cuirfear béim ar a róil ó thaobh cuidiú le feabhas a chur ar chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh i limistéar an Phlean trí bhileoga fáisnéise don phobal

agus trí mhíreanna ar an raidió agus ar an teilifís a úsáid. I measc na gceisteanna a chíorfaí i gcláir den chineál seo bheadh athrú ó bhreosla soladach go breoslaí níos glaine ísealtruaillithe, caomhnú fuinnimh sa bhaile, modhanna éagsúla iompair a úsáid seachas an gluaisteán príobháideach, feachtais chun spreagadh a thabhairt do chothabháil níos fearr gluaisteán agus do theicníochtaí níos fearr tiomána a ghlacadh chun astúcháin feithiclí a mhaolú.

(ii) Foilseoidh na hÚdaráis Áitiúla sonraí monatóireachta truaillithe aeir óna ngréasáin faoi seach agus beidh siad ar fáil don phobal trí na meáin, Aertel agus an tIdirlíon. Má tharlaíonn droch-chaighdeán aeir sa réigiún beidh fáisnéis ar fáil mar nuashonruithe rialta nuachta go seirbhísí áitiúla raidió.

(iii) Tabharfaidh na hÚdaráis Áitiúla spreagadh d'fheachtais áitiúla i gceantair chónaithe chun an tuilleamaí ar ghluaisteáin mar mhodhanna taistil ar scoil a laghdú agus chun rothaíocht agus siúl a spreagadh mar mhodhanna eile taistil.

(iv) Spreagfaidh agus cuirfidh na hÚdaráis Áitiúla rannpháirtíocht tionscnamh agus comhpháirtíochtaí áitiúla chun cinn de réir Chlár 21 chun caighdeán aeir a fheabhsú ina réigiún.

(v) Treiseoidh na hÚdaráis Áitiúla cuspóirí Thionscadal na gCathracha Sláintiúla ina limistéir trí ghlacadh le straitéisí an Phlean.

DRÉACHT

Aguisín 2:



MEMORANDUM H.A.2A

HOUSE IMPROVEMENT GRANTS TO REDUCE DEPENDENCE ON OIL

ATTENTION
SPECIAL GRANTS
TO
REDUCE DEPENDENCE ON OIL

KINDLY NOTE:-

1. APPLICATION FORMS AND FULL DOCUMENTATION ARE ATTACHED.
2. TECHNICAL ADVICE ON INDIVIDUAL PROPOSALS SHOULD BE OBTAINED FROM A COMPETENT INSTALLER.
3. PLEASE BE GOOD ENOUGH TO STUDY THE DOCUMENTATION, AND FORWARD THE APPLICATION FORM WITH SUPPORTING DOCUMENTS.
4. A DECISION ON YOUR ELIGIBILITY FOR A GRANT CAN ONLY BE MADE WHEN YOUR APPLICATION HAS BEEN RECEIVED.

Department of the Environment
Housing Grants Section,
O'Connell Bridge House,
Dublin 2.
Phone (01) 713377

August, 1979.

DRÉACHT

Tagairtí

1. Energy in Transport. 2007 Report. M. Howley, F. O' Leary, B. Ó Gallachóir. Nollaig 2007. Fuinneamh Inmharthana Éireann. Aonad Tacaíochta Staitistiúla do Bheartas Fuinnimh. lch. 59

2. Clancy L., Goodman P., Sinclair H. et al. Effect of air pollution control on death rates, Baile Átha Cliath Éire. Lancet 2002: 360 lch.1210-4.

3. Health Impact Assessment on the Benefits of Reducing PM2.5 in 26 European Cities (Achoimre) . 18 Meán Fómhair 2006. APHEIS: Air Pollution and Health: A European Information System. S. Medina (InVS, An Fhrainc) on behalf of the Apheis network. 3lch.

4. Comhaontú 2008-2011 ag Coinneáil Leibhéil Ísle in Astúcháin Sulfair Guail Bhiotúmaigh agus Cóic Mhóna agus Coinneáil na Srianta atá cheana sna Ceantair trí chriosanna saor ó thoit ar Mhargaíocht, Dhíol agus Dháileadh Breoslaí Soladacha idir The Solid Fuel Trade Group Limited agus an Aire Stáit sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 5 lch.

5. Fardal Astúchán Atmaisféarach Londan 2003. Second Annual Report. Údarás Mhórcheantar Londan. Lúnasa 2006. 145lch.

6. Environmental Health Perspectives. Meán Fómhair 2001. 109:9 Don't Breathe and Drive? Insititiúid Náisiúnta um Sheirbhísí Sláinte agus Comhshaoil na Stáit Aontaithe. A422-A427.
7. Ireland Environment 2008. 4ú Tuarascáil ar Stádás an Chomhshaoil. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Éire 268lch.

8. Treoirlínte WHO um Chaighdeán an Aeir d'ábhar cáithníneach, ósóine, dé-ocsáid nítrigine
agus dé-ocsaíd sulfair, nua-shonrú Domhanda 2005. Achoimre ar mheasúnacht riosca. An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. 2006.
9. Réamh-mheastacháin Réigiúnacha Daonra 2006-2021 25 Bealtaine 2005. An Phríomh-Oifig Staidrimh. Baile Átha Cliath.

10. Williams, B., Hughes B, and Shiels (2007) *Urban Sprawl and market fragmentation*. Staidéar Tithíochta Chumann na Suirbhéirí Cairte

11. Caighdeán an Aeir in Éirinn 2007 – Príomhtháscairí maidir le Caighdeán an Aeir Thimpeallaigh. 2008. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Éire. **Ábhar**

12. An Plean Forbartha Náisiúnta - 2007-2013. Transforming Ireland -

13. Féach 7
14. Staidéar Bainistíochta ar Éileamh Taistil i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Baile Átha Cliath, Deireadh Fómhair 2004. Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath
15. Energy in Ireland - KEY STATISTICS. F.l O'Leary, M. Howley, B. Ó Gallachóir. Márta 2008. Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann.

16. An Plean Gníomhaíochta ar Fhuinneamh i mBaile Átha Cliath. (á ullmhú).
CODEMA
17. Public Perceptions, Attitudes and Values on the Environment – A National Survey. 2005. An tAonad Taighde um Beartas Straitéiseach.
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

18 Climate Change 2007 – Synthesis Report the Fourth Assessment Report of the IPCC. Páinéal Idirnáisiúnta ar Athrú Aeráide